2025/1139

10.6.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1139 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Meitheamh 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 11 Deireadh Fómhair 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Greenwood Consortium ('an gearánach') isteach an 27 Lúnasa 2024. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal sraithadhmaid crua-adhmaid an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3140 ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid faoi réir a gcláraithe ([3]).

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. De bhreis air sin, chuir an Coimisiún an gearánach, táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus údaráis na Síne, allmhaireoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO C, C/2024/6048, 11.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6048/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3140 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2024 lena gcuirtear allmhairí sraithadhmaid chrua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir clárú, (IO L 2024/3140, 18.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3140/oj).

1.4. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh**

(6) Tar éis an tionscnaimh, rinne an gearánach, allmhaireoirí aonair agus an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid ([4]) ('PTIA') roinnt aighneachtaí maidir leis an bhfianaise sa ghearán a bhain le dumpáil, díobháil, cúisíocht agus leas an Aontais. Tugtar aghaidh ar na barúlacha thíos. Rinne an gearánach agus an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid dhá aighneacht bhreise lenar bréagnaíodh barúlacha a chéile, de bhun Roinn 8 den fhógra tionscnaimh. Foráiltear le Roinn 8 aon bharúil maidir le faisnéis a chuirfidh páirtithe leasmhara isteach roimh an sprioc-am maidir le forchur na mbeart sealadach, ba cheart í a dhéanamh laistigh de 75 lá ar a dhéanaí tar éis dháta foilsithe an fhógra tionscnaimh seo, mura sonraítear a mhalairt. Comhdaíodh aighneacht an ghearánaigh go tráthúil an 20 Nollaig 2024, laistigh den sprioc-am ábhartha. Cuireadh barúlacha frisnéise na Comhghuaillíochta um Leas Trádála Sraithadhmaid isteach an 15 Eanáir 2025. Ós rud é gur cuireadh na barúlacha sin isteach lasmuigh de na teorainneacha ama ábhartha a leagadh síos san fhógra tionscnaimh, níorbh fhéidir iad a chur san áireamh.

1.4.1. *Barúlacha maidir leis an ngearán agus an nós imeachta*

(7) Mhaígh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid go ndearna an gearánach innéacsú ar na sonraí a comhiomlánaíodh cheana féin le haghaidh naoi gcuideachta agus gur chaith sé leo go míréasúnta mar shonraí rúnda, rud a d'fhág nárbh fhéidir substaint na faisnéise a thuiscint go fóinteach. Ina theannta sin, líomhain an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid gur choinnigh an gearánach sonraí fíor-riachtanacha siar ar mhaithe le cóipcheart agus go bhféadfadh sé nach mbeadh srianta cóipchirt ina bhforas dlisteanach chun faisnéis neamhrúnda a choinneáil siar ó pháirtithe leasmhara eile.

(8) Maidir le hinnéacsú na sonraí comhiomlánaithe, chinn an Coimisiún gur thug punann táirgí éagsúil chomhaltaí Greenwood Consortium, an gearánach, údar le láimhseáil rúnda na sonraí comhiomlánaithe. A mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a coinníodh siar mar gheall ar chóipcheart, fuarthas go raibh leibhéal ginearálta an phraghais onnmhairiúcháin ar shraithadhmad crua-adhmaid na Síne sa tréimhse ó 2010 go 2024 ([5]) de chineál taispeántach seachas faisnéis fhíor-riachtanach a d'fhág go raibh sé ródheacair anailís a dhéanamh ar an ngearán.

(9) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh toisc gur chinn sé go raibh fianaise fhíor-riachtanach leordhóthanach agus achoimrí neamhrúnda ar fhaisnéis a bhí rúnda seachas sin sa leagan oscailte den ghearán atá ar fáil le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara chun ligean do pháirtithe leasmhara a gceart chun cosanta a fheidhmiú le linn imeachta agus chomhlíon sé ceanglais Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán.

(10) Mhaígh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid nár chuir an gearánach faisnéis isteach mar a cheanglaítear le hAirteagal 5(2) den bhun-Rialachán, ach go raibh faisnéis a cuireadh isteach maidir le gnéithe eile neamhiomlán.

(11) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh toisc gur chinn sé gur áiríodh leis an ngearán fianaise prima facie ar dhumpáil, ar dhíobháil agus ar nasc cúisíoch idir na hallmhairí a líomhnaítear a dumpáladh agus an díobháil líomhnaithe bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil go réasúnach. Mheas an Coimisiún go raibh fianaise fhíor-riachtanach leordhóthanach agus achoimrí neamhrúnda ar fhaisnéis a bhí rúnda seachas sin sa leagan oscailte den ghearán atá ar fáil le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara chun ligean do pháirtithe leasmhara a gceart chun cosanta a fheidhmiú le linn imeachta agus, dá bhrí sin, gur chomhlíon sé ceanglais Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán.

(12) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid nach tionscal iomlán an Aontais de réir bhrí Airteagal 3 iad na gearánaigh, cé go mb'fhéidir gur chomhlíon siad na ceanglais maidir le hionadaíocht thionscal an Aontais faoi Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

(13) Chinn an Coimisiún gur comhlíonadh an ceanglas seasta toisc gur thacaigh táirgeoirí an Aontais leis an ngearán, táirgeoirí a tháirgeann níos mó ná 25 % den táirge comhchosúil san Aontas a tháirgeann tionscal an Aontais, agus níor chuir aon táirgeoir de chuid an Aontais ina choinne. Chun na himeachtaí a thionscnamh, seachas a sheasamh a chruthú, níor ceanglaíodh ar an ngearánach ionadaíocht a dhéanamh ar thionscal iomlán an Aontais. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin freisin.

([4]) Is comhlachas de 19 n-allmhaireoir é an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid.

([5]) Gearán, Leagan Oscailte, aithris 179.

1.4.2. *Barúlacha maidir le ríomhanna dumpála*

(14) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid go raibh na rátaí dumpála a ríomhadh sa ghearán ró-ard agus go raibh siad boilscithe go míchuí mar gheall ar an meascán táirgí a breithníodh agus mar gheall ar phróiseas táirgthe difriúil sa tSín, rud nár léiríodh go cuí sna ríomhanna. Mheas an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid freisin go raibh an tomhaltas gliú a luaitear sa ghearán mícheart, agus go ndearnadh ábhar áirithe a chomhaireamh faoi dhó. Dhírigh sí aird freisin ar neamhréireachtaí idir corp an ghearáin agus na hiarscríbhinní. D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid freisin nach raibh na sonraisc chun fianaise a thabhairt ar an bpraghas onnmhairiúcháin ionadaíoch ós rud é nár thagair siad ach do shraithadhmad poibleoige agus ní do gach cineál sraithadhmaid a allmhairíodh chuig an Aontas.

(15) Ina theannta sin, d'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid nach raibh an Tuirc ina tír ionadaíoch iomchuí mar gheall ar bhoilsciú ard lira na Tuirce le linn na tréimhse imscrúdúcháin, go háirithe maidir leis na costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SGA') agus an brabús a shuí. Thairis sin, d'áitigh sí nach raibh sonraí na cuideachta Turcaí atá beartaithe mar thagarmharc a úsáideadh chun an brabús agus costais SGA a chinneadh ionadaíoch. Mheas sé freisin, agus na costais saothair á ríomh, gur cheart don ghearánach ráta malairte an Bhainc Ceannais Eorpaigh a úsáid in ionad an ráta malairte a sholáthair Banc Ceannais na Tuirce, agus chun na praghsanna fuinnimh a chinneadh, gur cheart don ghearánach staitisticí Turcacha a úsáid seachas an suíomh gréasáin www.globalpetrolprices.com.

(16) D'áitigh an gearánach nach raibh aon tionchar ag an mboilsciú ard sa Tuirc ar chinneadh na dtagarmharcanna ós rud é nár sloinneadh na praghsanna amhábhar i lira na Tuirce ach in EUR nó i ndollair SAM agus nach mbeadh tionchar ag an mboilsciú ar chostais SGA agus ar bhrabús chuideachtaí na Tuirce ós rud é go laghdódh an méadú ar chostais an corrlach brabúis a raibh cur chuige níos coimeádaí mar thoradh air. Freisin, ós rud é gur sloinneadh costais SGA agus brabús mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh, ní bheadh tionchar ag boilsciú orthu. Thairis sin, d'áitigh an gearánach go raibh na tagarmharcanna réasúnta agus ionadaíoch don earnáil. Maidir le praghsanna fuinnimh, d'áitigh an gearánach freisin go raibh na sonraí fuinnimh a tógadh ón suíomh gréasáin www.globalpetrolprices.com bunaithe ar staitisticí oifigiúla na Tuirce.

(17) Chosain an gearánach freisin nach raibh aon chomhaireamh dúbailte i ríomh an ghnáthluacha sa ghearán agus go raibh na ríomhanna bunaithe ar na tosca táirgeachta agus ar na rátaí tomhaltais is infheidhme sa tSín agus go ndearnadh iad a choigeartú go cuí chun an próiseas táirgthe sa tSín a chur san áireamh. D'áitigh sé freisin go ndearnadh an tomhaltas gliú sa ghearán a ríomh go cruinn agus go raibh sé bunaithe ar chur chuige réasúnta, coimeádach fiú. Maidir le maíomh na Comhghuaillíochta um Leas Trádála Sraithadhmaid nach raibh an praghas onnmhairiúcháin ionadaíoch, d'áitigh sé nár cuireadh na sonraisc le haghaidh sraithadhmad poibleoige sa ghearán i láthair ach amháin mar eilimint bhreise; bhí cinneadh an phraghais onnmhairiúcháin bunaithe ar Eurostat agus ar innéacs praghsanna Europäischer Wirtschaftsdienst GmbH ([6]) (EUWID), foilsitheoir meán trádála nua a dhíríonn ar tháirgí adhmaid, i measc táirgí eile.

(18) Chuir an gearánach agus an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid araon barúlacha isteach maidir leis an anailís a bhain leis an saobhadh mór san earnáil sraithadhmaid sa tSín. Tugtar aghaidh ar na barúlacha sin i roinn 3.2.1.4 thíos.

(19) Rinne an Coimisiún breithniú cuí ar mhaímh na Comhghuaillíochta um Leas Trádála Sraithadhmaid maidir leis an bhfianaise a bhaineann leis na ríomhanna dumpála sa ghearán, mar aon leis na heilimintí breise a sholáthair an gearánach. Chinn sé gur comhlíonadh na ceanglais maidir le himscrúdú a thionscnamh, i.e., go raibh cruinneas agus leordhóthanacht na fianaise a chuir an gearánach i láthair leordhóthanach agus chinn sé gur leor sin chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh.

(20) Thairis sin, mheas an Coimisiún nach raibh aon tionchar aige sin ar na conclúidí maidir le dumpáil a bheith ann – sa chás áirithe seo, measadh go raibh an fhianaise *prima facie* a bhain le ríomhanna gnáthluacha na gcineálacha éagsúla táirgí, na dtosca táirgeachta agus a dtomhaltas faoi seach leordhóthanach. Mheabhraigh an Coimisiún freisin nár ghá gur léiríodh leis an gcorrlach dumpála a ríomhadh sa ghearán an méid beacht dumpála a ríomhfar le linn an imscrúdaithe de réir an idirbhirt agus de réir an chineáil. Go deimhin, bhí cineál na hanailíse difriúil ós rud é nach

([6]) https://www.euwid-wood-products.com/.

ndearnadh í de réir na cuideachta, ná de réir an idirbhirt. Mar sin féin, bhí an Coimisiún sásta leis an leibhéal fianaise a sholáthair an gearánach maidir leis an bpraghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach a léiríonn go raibh na corrlaigh dhumpála mór. Freisin, tacaíodh leis na figiúirí ar a raibh an gnáthluach bunaithe le fianaise leordhóthanach, agus cuireadh na coigeartuithe uile ba ghá chun a mheas, mar shampla, go raibh próiseas táirgthe difriúil sa tSín, san áireamh in anailís an Choimisiúin ar dhumpáil. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh na Comhghuaillíochta um Leas Trádála Sraithadhmaid maidir le fianaise neamhleor ar dhumpáil sa ghearán.

(21) Thairis sin, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an gearánach agus a ndearna an Coimisiún anailís uirthi, chomhlíon rogha bheartaithe na Tuirce mar thír ionadaíoch chun an gnáthluach a chinneadh an ceanglas maidir le fianaise leordhóthanach. Go háirithe, ba chosúil go raibh díolacháin intíre tháirgeoirí sraithadhmaid crua-adhmaid na Tuirce mór go leordhóthanach, agus bhí an próiseas táirgthe agus an rochtain ar amhábhair cosúil le táirgeoirí na Síne, agus cuireadh na difríochtaí féideartha sa phróiseas táirgthe san áireamh i gcinneadh an ghnáthluacha. Mheas an Coimisiún freisin nach raibh tionchar ag an bhfíoras go raibh boilsciú ard sa Tuirc ar na tagarmharcanna nár sloinneadh go deimhin i lira na Tuirce, ná ar chinneadh na gcostas SGA agus an bhrabúis bunaithe ar chuideachtaí na Tuirce.

1.4.3. *Barúlacha maidir le díobháil*

(22) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid nach gcomhlíontar leis an ngearán caighdeán na fianaise deimhní maidir le díobháil faoi Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán, agus mhaígh sí nach dtacaíonn táscairí díobhála áirithe, amhail tomhaltas an Aontais; praghsanna allmhairiúcháin; sciar margaidh an Aontais; acmhainneacht agus úsáid táirgeachta, díolacháin intíre agus láimhdeachas; fostaíocht; brabúsacht, infheistíochtaí agus stoic le cinneadh go ndearnadh díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(23) Chinn an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán chun cinneadh *prima facie* go ndearnadh díobháil ábhartha a dhéanamh is gá chun imscrúdú a thionscnamh. Rinneadh anailís ar tháscairí maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha araon i roinn 6 den ghearán. Toradh *prima facie* maidir le díobháil ábhartha, rud is gá chun imscrúdú a thionscnamh, meabhraíonn an Coimisiún go gceanglaítear leis an méid sin scrúdú a dhéanamh, *inter alia*, ar na fachtóirí ábhartha a thuairiscítear sa bhun-Rialachán. Ní cheanglaítear go sonrach le hAirteagal 5 den bhun-Rialachán go léireodh na fachtóirí díobhála uile a liostaítear in Airteagal 3(5) meathlú le go ndéanfaí díobháil ábhartha a chruthú go leordhóthanach chun imscrúdú a thionscnamh. Sonraítear i bhfoclaíocht Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán go gcuimseoidh an gearán fianaise faoi na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí a líomhnaítear gur dumpáladh iad, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, faoi mar atá léirithe ag tosca ábhartha (ach ní acu uile b'fhéidir). Bhí an fhaisnéis sin sa ghearán, rud a léirigh go raibh díobháil ann. Dá réir sin, mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán go ndearnadh díobháil agus dhiúltaigh sé don mhaíomh ón gComhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid.

(24) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid gur ar shraithadhmad poibleoige amháin a bhunaigh an gearánach a ríomh sladghearrtha agus gearrdhíola, agus thug sí dá aire gur cheart don Choimisiún a réamh-ríomhanna agus a ríomhanna deiridh a bhunú ar na táirgí uile a chumhdaítear le raon feidhme an imscrúdaithe.

(25) Tugann an Coimisiún dá aire, faoi chaighdeán 'leordhóthanacht na fianaise' in Airteagal 5(3) den bhun-Rialachán, nach bhfuil aon oibleagáid ann sladghearradh agus gearrdhíol a shuí le haghaidh gach cineál táirge a chumhdaítear leis an imscrúdú. Thairis sin, i gcomhréir leis na rialacha dlíthiúla is infheidhme, shuigh an Coimisiún na corrlaigh shladghearrtha agus ghearrdhíola de bhun na modheolaíochta a chuirtear i láthair thíos i Ranna 4.3.2 agus 6.1.

1.5. **Sampláil**

(26) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(27) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn an mhéid ionadaíoch táirgeachta agus díolachán is mó ar féidir imscrúdú a dhéanamh air go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil. Is é a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais. Is é a bhí sa sampla 28 % de tháirgeacht iomlán mheasta an Aontais agus 33 % de chainníocht díolachán iomlán measta an Aontais de shraithadhmad crua-adhmaid agus raon geografach maith á áirithiú. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil. Ba shampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é.

Sampláil na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe

(28) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(29) Sholáthair 20 allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí allmhaireoir neamhchomhlachaithe ar bhonn an mhéid díolachán is mó den táirge lena mbaineann san Aontas, agus ar bhonn a suímh gheografaigh san Aontas. Is é a bhí sa sampla 38 % de chainníocht díolachán iomlán measta an Aontais agus d'áirithigh sé raon geografach maith. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach allmhaireoir aitheanta lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil

(30) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(31) Sholáthair 120 táirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas agus na príomhspeicis adhmaid a úsáidtear i dtáirgeadh sraithadhmaid crua-adhmaid agus a onnmhairítear chuig an Aontas (sraithadhmad poibleoige, beithe agus eocalaipe) á gcur san áireamh, ar speicis iad a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil. Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil ag an am, rinne an sampla 9.5 % d'onnmhairí chuig an Aontas. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla.

(32) Le ríomhphost an 29 Samhain 2024, chuir ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, Xuzhou Shengfeng Wood Co., Ltd., an Coimisiún ar an eolas gur tharraing sé siar a chomhar. An lá céanna, chinn an Coimisiún táirgeoir onnmhairiúcháin eile, Xuzhou Hongxin Wood Co., Ltd., a chur le sampla na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin agus chuir sé na páirtithe leasmhara ar an eolas faoin athrú sin le Nóta a ghabhann le comhad an 29 Samhain 2024. Ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil ag an gcéim sin, ba é a bhí sa sampla beartaithe 9.1 % (i gcomparáid le 9.5 % ar dtús) den chainníocht onnmhairiúcháin iomlán mheasta de shraithadhmad crua-adhmaid ón tSín chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(33) Mar sin féin, ní bhfuair an Coimisiún freagairt ó Xuzhou Hongxin Wood Co., Ltd. faoin sprioc-am an 3 Eanáir 2025. Rinne an chuideachta shampláilte eile, Pizhou Jianghsan Wood Co., Ltd. ('Jiangshan Wood'), 5.8 % de na honnmhairí chuig an Aontas. Mheas an Coimisiún, agus an t-imscrúdú ag céim go mór chun cinn, nach raibh am leordhóthanach fágtha chun sampla nua de tháirgeoirí onnmhairiúcháin a roghnú agus, ina theannta sin, i bhfianaise chainníochtaí ísle na n-onnmhairí chuig an Aontas ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a sholáthair freagra samplála, nach

mbeadh sampla níos ionadaíche mar thoradh ar aon athrú ar an sampla. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún éirí as an tsampláil agus Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm chun dumpáil a chinneadh. Mar sin féin, ghlac an Coimisiún leis an iarraidh corrlach dumpála aonair a ríomh le haghaidh Jiangshan Wood ([7]), i gcomhréir le hAirteagal 17(3), mar an t-aon chuideachta a sholáthair freagra cuí agus tráthúil ar an gceistneoir a d'fhéadfaí a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 16(1) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoin gcinneadh sin le Nóta a ghabhann le comhad an 21 Eanáir 2025.

(34) Chuir an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid barúlacha isteach maidir leis an sampla tosaigh. Mheas sí go raibh sé neamhghnách nár roghnaigh an Coimisiún ach dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin, agus d'áitigh sí go mbeadh trí tháirgeoir onnmhairiúcháin (ar a laghad) i gceist le sampla na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin de ghnáth. D'áitigh sé freisin, ós rud é gur roghnaíodh trí chuideachta don sampla d'allmhaireoirí neamhchomhlachaithe agus de tháirgeoirí an Aontais, gur cheart don Choimisiún cuideachta amháin eile a chur leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chun méid níos airde onnmhairí isteach san Aontas a ghabháil. D'áitigh sé freisin gur cheart don Choimisiún cuideachta níos mó a roghnú, a raibh éagsúlacht níos mó táirgí monaraithe agus onnmhairithe aici ós rud é, de réir a eolais, gur onnmhairigh Xuzhou Shengfeng Wood Co. cuid mhór sraithadhmaid athchúrsáilte aghaidh-scannáin, ar táirge íseal-leibhéil é, agus a raibh feidhm shonrach aige san fhoirgníocht.

(35) Tar éis athrú an tsampla i ndiaidh tharraingt siar Xuzhou Shengfeng Wood Co., Ltd., d'athdhearbhaigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid gur cheart trí tháirgeoir onnmhairiúcháin ar a laghad a bheith sa sampla. Dar leis, chuirfeadh sé sin feabhas ar cháilíocht agus oibiachtúlacht mheasúnú an Choimisiúin ar iompraíocht tráchtála thionscal na Síne ina iomláine, le haghaidh speictream iomlán na dtáirgí a tháirgeann sé agus a onnmhairíonn sé chuig an Aontas. D'áitigh sé freisin go raibh 28 % de tháirgeacht iomlán mheasta an Aontais agus 33 % de chainníocht díolachán iomlán measta an Aontais den táirge comhchosúil ag táirgeoirí an Aontais, agus go raibh 38 % de chainníocht díolachán iomlán measta an táirge faoi imscrúdú san Aontas ag an sampla allmhaireoirí neamhchomhlachaithe. Mheas sé nár sholáthair an Coimisiún aon réasúnaíocht ná aon chúis láidir eile maidir leis an bhfáth ar mheas sé go raibh an sampla beag de tháirgeoirí onnmhairiúcháin réasúnta chun anailís a dhéanamh ar iompraíocht, praghsanna agus táirgí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a táirgeadh agus a onnmhairíodh, nár bunaíodh ach ar dhá tháirgeoir as 120 táirgeoir onnmhairiúcháin, a dhéanann níos lú ná 10 % d'onnmhairí uile an táirge faoi imscrúdú.

(36) Tar éis don Choimisiún éirí as an tsampláil, d'athdhearbhaigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid a hargóintí. Thagair sí do roinnt imscrúduithe eile inar roghnaigh an Coimisiún níos mó ná dhá tháirgeoir nó grúpa onnmhairiúcháin. D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid, ós rud é go raibh sprioc-am reachtúil 14 mhí ag an gCoimisiún chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche, go raibh go leor ama aige fós cuideachta eile a áireamh leis an sampla, agus go raibh an cinneadh tosaigh chun imscrúdú a dhéanamh ar níos lú ná 10 % d'onnmhairí neamhghnách ós rud é gur sholáthair 120 cuideachta freagra samplála.

(37) Rinne an Coimisiún breithniú cuí ar na barúlacha uile a chuir an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid isteach. Mheabhraigh sé go raibh an cinneadh críochnaitheach maidir le roghnú agus líon na bpáirtithe agus cumhdach cineálacha táirgí fós faoi dhiscréid an Choimisiúin, agus bunaithe ar imthosca an cháis, nár mheas sé gur ghá an sampla a athrú ná a mhéadú. Mheabhraigh an Coimisiún ar dtús go raibh tionscal sraithadhmaid crua-adhmaid na Síne an-ilroinnte agus go raibh sé comhdhéanta de FBManna den chuid is mó. Go sonrach, as na 120 cuideachta a d'fhreagair an fhoirm shamplála, bhí níos lú ná 1 % de mhéid iomlán measta na n-onnmhairí chuig an Aontas ag níos mó ná 80 cuideachta. Dá bhrí sin, measadh go raibh an sampla tosaigh de bheagnach 10 % d'onnmhairí ionadaíoch d'onnmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid ón tSín chuig an Aontas. Mheabhraigh an Coimisiún freisin, mar aon le méid na n-onnmhairí, gur chuir sé san áireamh an meascán táirgí is ionadaíche lenar áirithíodh go raibh an sampla comhdhéanta de chuideachtaí a onnmhairíonn na cineálacha sraithadhmad crua-adhmaid is ionadaíche chuig an Aontas, mar shampla poibleog, eocalaip agus beith. I bhfianaise an chritéir bhreise sin, dá gcuirfí tríú cuideachta leis an sampla, mhéadófaí ionadaíochas an tsampla faoi 3 % ar a mhéad. Ós rud é go raibh beagnach 10 % d'onnmhairí chuig an Aontas cheana féin ag an sampla tosaigh agus gur chumhdaigh sé na cineálacha sraithadhmaid crua-adhmaid is ionadaíche, níor mheas an Coimisiún gur ghá an sampla a mhéadú, agus mheas sé go raibh an sampla ionadaíoch d'onnmhairí tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas.

([7]) Uimhir chlárúcháin Tron t24.008678.

(38) Chuir an Coimisiún in iúl freisin nár chomhoibrigh dhá cheann de na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte, agus go raibh 5.8 % d'iomlán na n-onnmhairí chuig an Aontas ag an aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch eile, Jianghsan Wood. Dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid, i gcomhréir le hAirteagal 17(4) den bhun-Rialachán, gur dócha go ndéanfadh an méid neamh-chomhoibrithe difear ábhartha do thoradh an imscrúdaithe, agus, an tráth céanna, nach raibh am leordhóthanach ann chun sampla nua a roghnú. Ar an mbonn sin, mheas sé go raibh údar cuí leis an gcinneadh éirí as an tsampláil.

(39) Mheabhraigh an Coimisiún thairis sin nach mór measúnú a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le cé acu a bhí nó nach raibh am leordhóthanach ann chun táirgeoir onnmhairiúcháin eile a áireamh leis an sampla i bhfianaise imthosca sonracha gach imscrúdaithe. Sa chás áirithe seo, ghníomhaigh an Coimisiún go tapa trí Xuzhou Hongxin Wood Co., Ltd. a chur in ionad Xuzhou Shengfeng Wood Co., Ltd. nuair a chinn an chéad cheann gan oibriú i gcomhar. Mar sin féin, níor tháinig sé chun solais nár oibrigh Xuzhou Hongxin Wood Co., Ltd. i gcomhar ach faoin sprioc-am an 3 Eanáir 2025, beagnach 3 mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe. Ós rud é go gcaithfí 30 lá ar a laghad a thabhairt d'aon chuideachta nua sa sampla chun an freagra ar an gceistneoir a sholáthar, thiocfadh an freagra níos mó ná 2 mhí tar éis an sprioc-am a soláthraíodh ar dtús ([8]). Measadh, dá bhrí sin, i bhfianaise sprioc-amanna nós imeachta, nach raibh am leordhóthanach ann chun cuideachta nua a roghnú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(40) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(41) Thairis sin, chuir an gearánach fianaise leordhóthanach *prima facie* sa ghearán a léirigh gur ann do shaobhadh amhábhar sa tSín maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhar sin chun a chinneadh an gcuirfí forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an tSín. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise maidir leis sin chuig Rialtas na Síne.

(42) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig táirgeoirí sampláilte uile an Aontais, chuig an ngearánach, chuig na hallmhaireoirí agus úsáideoirí aitheanta neamhchomhlachaithe sampláilte, agus chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([9]) lá an tionscnaimh.

(43) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— Grúpa Garnica Plywood S.A., Logroño, an Spáinn ('Garnica'),

— Paged Morąg S.A., Pisz, an Pholainn ('Paged'),

— Panguaneta Spa, Sabbioneta, an Iodáil, ('Panguaneta').

Táirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne:

— Jiangshan Wood

1.7. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(44) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

([8]) Chuaigh an sprioc-am chun freagra a sholáthar ar an gceistneoir do na cuideachtaí a sampláladh ar dtús in éag an 25 Samhain 2024.
([9]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2753.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(45) Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú sraithadhmad crua-adhmaid nach bhfuil ann ach leatháin adhmaid seachas bambú agus okoumé, nach bhfuil níos mó ná 6 mm ar tiús i ngach sraith díobh, ag a bhfuil sraith sheachtrach amháin ar a laghad d'adhmad trópaiceach nó d'adhmad neamhbhuaircíneach, de speicis a shonraítear faoi fho-cheannteidil 4412 31, 4412 33 agus 4412 34, bídís brataithe nó éadanchumhdaithe nó ná bídís ('an táirge faoi imscrúdú').

(46) Is críochtháirge ilfheidhmeach é sraithadhmaid crua-adhmaid atá oiriúnach do go leor feidhmeanna éagsúla. Úsáidtear go coitianta é sna tionscail seo a leanas de réir an ghráid agus saintréithe cáilíochta eile: foirgníocht, monaraíocht troscáin, iompar, pacáistiú agus eile, amhail seastáin fógraíochta, cónraí, comharthaí agus táscairí tráchta nó bréagáin.

2.2. An táirge lena mbaineann

(47) Is sraithadhmad crua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é an táirge lena mbaineann.

2.3. An táirge comhchosúil

(48) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na tíre lena mbaineann; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(49) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. Maímh maidir le raon feidhme an táirge

(50) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid go raibh an sainmhíniú ar an raon táirgí róleathan chun sraithadhmad beithe a áireamh toisc nach dtáirgeann na gearánaigh é.

(51) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint toisc gur tháirg roinnt gearánach, mar shampla Welde A.G. agus Garnica, sraithadhmad beithe.

(52) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid agus Comhlachas Tionscail Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne gur dhá tháirge ar leithligh iad sraithadhmad brataithe agus neamhbhrataithe agus nach féidir iad a chumhdach leis an imscrúdú céanna, gan faisnéis mhionsonraithe infhíoraithe a chur isteach, áfach, chun tacú lena maímh.

(53) Dá réir sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh toisc go bhfanann saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla sraithadhmaid a mhonaraítear de speicis chrua-adhmaid mar an gcéanna nó an-chosúil gan beann ar bhratú nó easpa brataithe.

(54) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid go raibh an sainmhíniú ar an raon táirgí ar neamhréir leis an sainmhíniú ar an raon táirgí san imscrúdú frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí sraithadhmaid beithe ón Rúis ([10]). Sa chás sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh ó tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Rúise sraithadhmad péine, poibleoige, okoumé agus feá a áireamh leis an raon táirgí, toisc gur chinn sé nach bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna ag sraithadhmad péine, poibleoige, okoumé agus feá le sraithadhmad beithe.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1930 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí de shraithadhmad beithe de thionscnamh na Rúise, (IO L 394, 9.11.2021, lch. 7, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1930/oj).

(55) Chinn an Coimisiún gurbh é toisc shainiúil an táirge atá faoi imscrúdú san imscrúdú seo go bhfuil an veinír thosaigh déanta as crua-adhmad, seachas bogadhmad, táirgí adhmaid eile nó plaisteach. Féadfar sraithadhmad crua-adhmaid, mar chatagóir ghinearálta, a roinnt ina fhochatagóirí éagsúla (cineálacha táirgí) de réir an chineáil speicis crua-adhmaid, mar a léirítear san imscrúdú maidir le hallmhairí sraithadhmaid beithe ón Rúis ([11]), ach ní chiallaíonn sé sin nach catagóir táirge ar leith agus níos leithne ann féin iad na painéil uile a bhfuil veinír thosaigh sraithadhmaid crua-adhmaid orthu. Ina theannta sin, san imscrúdú frithdhumpála maidir le hallmhairí sraithadhmaid beithe ón Rúis, chinn an Coimisiún go raibh leibhéal áirithe ionadaíochta ann idir sraithadhmad beithe agus sraithadhmad a rinneadh as cineálacha eile adhmaid, amhail poibleog, péine agus okoumé ([12]). Dá bhrí sin, is catagóir níos leithne táirge é sraithadhmad crua-adhmaid ar féidir idirdhealú a dhéanamh idir é agus táirgí eile (mar shampla, sraithadhmad bogadhmaid) trína shaintréithe bunúsacha fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha, lena n-áirítear roinnt fochatagóirí freisin (cineálacha táirgí). I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire freisin go gcuirtear san áireamh leis an uimhir rialaithe táirgí san imscrúdú seo na fochatagóirí éagsúla de shraithadhmad crua-adhmaid bunaithe ar an gcineál crua-adhmaid a úsáidtear mar veinír thosaigh.

(56) Maidir leis an bhfíoras gur chuir táirgeoirí sraithadhmaid beithe an Aontais, ar cuid den tionscal sraithadhmaid crua-adhmaid iad, gearán isteach in 2019 maidir le hallmhairí dumpáilte ón Rúis a bheith ina ndíobháil dóibh, ní chiallaíonn sé sin nach féidir le tionscal sraithadhmaid crua-adhmaid an Aontais ina iomláine a mhaíomh in 2024 go bhfuil díobháil á déanamh dóibh mar gheall ar allmhairí dumpáilte de gach cineál crua-adhmaid, lena n-áirítear táirgí atá déanta as sraithadhmad beithe, ón tSín. I bhfianaise an mhéid thuas, dhiúltaigh an Coimisiún, dá bhrí sin, don mhaíomh.

(57) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid, Altripan B.V. ('Altripan') agus Polywood go bhfuil deighleoga éagsúla margaidh ag tionscal sraithadhmaid crua-adhmaid na Síne, ar thaobh amháin, agus ag tionscal sraithadhmaid crua-adhmaid an Aontais, ar an taobh eile, agus nach bhfuil siad in iomaíocht.

(58) Chinn an Coimisiún gur féidir leis an dá thionscal an raon iomlán táirgí sraithadhmaid crua-adhmaid atá i margadh an Aontais a tháirgeadh agus go ndéanann siad iad a tháirgeadh. Is i gcáilíocht amháin atá na difríochtaí airbheartaithe idir sraithadhmad crua-adhmaid thionscal na Síne agus thionscal an Aontais; tá a saintréithe bunúsacha fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha fós mar an gcéanna. Níor léirigh páirtithe leasmhara gurbh ann do dheighleoga éagsúla den mhargadh ina raibh táirgí allmhairithe agus an sraithadhmad arna dtáirgeadh ag tionscal an Aontais i láthair, i gcomhréir leis an gcaighdeán dlíthiúil ábhartha. ([13]) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin dá bhrí sin.

2.5. **Maímh maidir le heisiamh táirge**

(59) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid, Comhlachas Tionscal Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne, Cónaidhm Adhmaid na Gearmáine (GD Holz), Cónaidhm Thionscal Teicstíle, Adhmaid agus Troscáin na Beilge (Fedustria), Cónaidhm Trádála Adhmaid na hEorpa, Peri SE, Weltholz ZN, Enno Roggemann, J. u. A. Frischeis Gesellschaft agus Questwood sp. z o.o ('Questwood') gur cheart sraithadhmad aghaidh-scannáin a eisiamh ón raon táirgí toisc nach dtáirgeann tionscal an Aontais é agus nach bhfuil acmhainneacht leordhóthanach aige é a tháirgeadh. Ní tháirgeann tionscal an Aontais ach sraithadhmad aghaidh-scannáin ardleibhéil nach bhfuil inmhalartaithe le sraithadhmad aghaidh-scannáin a allmhairítear ón tSín.

(60) Chinn an Coimisiún go gcuireann tionscal an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne sraithadhmad aghaidh-scannáin de cháilíochtaí éagsúla ar fáil. Baineann na difríochtaí in úsáid painéal sraithadhmaid aghaidh-scannáin lena marthanacht, i.e. an líon uaireanta is féidir iad a úsáid le haghaidh foirmeánacht foirgníochta, seachas aon éagsúlacht bhunúsach ina saintréithe bunúsacha fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha. Fachtóir eile atá nasctha go láidir le cáilíocht is ea difríocht praghsanna. Díoltar an sraithadhmad aghaidh-scannáin Síneach ar an gcaighdeán is ísle ar phraghas dumpáilte an-íseal. Níor chinn an Coimisiún, áfach, go neamhníonn an difríocht praghsanna idirmhalartacht na bpainéal sraithadhmaid crua-adhmaid a allmhairítear agus iad sin a tháirgtear san Aontas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([11]) Idem, aithris 26.

([12]) Idem.

([13]) Féach, *ex pluribus*, Breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2023, *China Chamber of Commerce for Import and Export of Machinery and Electronic Products agus Eile v an Coimisiún, C-478/21 P, ECLI:EU:C:2023:685*, mír 168, 290; Breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2023, *China Chamber of Commerce for Import and Export of Machinery and Electronic Products agus Eile v an Coimisiún*, C-478/21 P, ECLI:EU:C:2023:685, mír 167, ina luaitear breithiúnas an 20 Eanáir 2022, *an Coimisiún v Hubei Xinyegang Special Tube*, C-891/19 P, ECLI:EU:C:2022:38, míreanna 78 go 81, 110 agus 111.

(61) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid, Comhlachas Tionscal Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne agus Questwood gur cheart sraithadhmad eocalaipe a eisiamh ón raon táirge toisc nach bhfuil ach féidearthacht an-teoranta ag tionscal an Aontais é a tháirgeadh.

(62) Chinn an Coimisiún go bhfuil sraithadhmad eocalaipe á tháirgeadh san Aontas i méideanna tráchtála. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(63) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid, GD Holz, Cónaidhm Trádála Adhmaid na hEorpa, Comhlachas Tionscal Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne agus Questwood gur cheart sraithadhmad a bhfuil sraitheanna seachtracha 0.3 mm nó níos lú aige a eisiamh ón raon táirgí toisc go n-úsáideann táirgeoirí de chuid an Aontais sraitheanna seachtracha níos tibhe.

(64) Chinn an Coimisiún gur difríocht cháilíochta é tiús na veiníre tosaigh a bhfuil tionchar aige ar mharthanacht agus ar phraghas painéal sraithadhmaid. Ní cineál táirge ar leithligh é sraithadhmad a bhfuil veinírí tanaí air ag a bhfuil saintréithe bunúsacha fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha éagsúla, ná ní théann sé san iomaíocht i ndeighleog mhargaidh eile ná painéil sraithadhmaid crua-adhmaid a dhéantar le veinírí tosaigh níos tibhe. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin dá bhrí sin.

(65) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid, GD Holz, Cónaidhm Trádála Adhmaid na hEorpa, Comhlachas Tionscal Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne agus Questwood gur cheart sraithadhmad a bhfuil sraitheanna seachtracha de veinírí a ndearnadh innealtóireacht orthu a eisiamh ón raon táirgí toisc gur táirge speisialta é nach dtáirgeann aon cheann de na gearánaigh i gcainníochtaí tráchtála fónta.

(66) Chinn an Coimisiún go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna ag sraithadhmad crua-adhmaid a bhfuil veinírí tosaigh orthu a ndearnadh innealtóireacht orthu, comhdhéanta de shraitheanna crua-adhmaid gearrtha agus athdhéanta chun patrúin shonracha a chruthú, a tháirgeann tionscal an Aontais, agus atá ag painéil sraithadhmaid crua-adhmaid chomhchosúla a allmhairítear ón tSín, agus go bhfuil sé in iomaíocht dhíreach leo. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh.

(67) D'áitigh Comhlachas Tionscal Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne agus an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid gur cheart sraithadhmad crua-adhmaid aerthriomaithe ina bhfuil cion taise os cionn 12 % a eisiamh ó raon feidhme an táirge toisc go bhfuil an cion ard taise sin mar thoradh ar thriomú aeir atá forleathan sa tSín ach nach dtáirgeann aon duine san Aontas veinírí aerthriomaithe.

(68) Chinn an Coimisiún gur fachtóir grádaithe í an chainníocht taise le linn veinírí a roghnú. Tá leibhéil taise níos ísle ag veinírí ardcháilíochta. Tá leibhéil taise níos airde ag veinírí ísealcháilíochta. Cé go bhféadfadh coinneáil taise níos airde a bheith mar thoradh ar aerthriomú, d'fhéadfadh roinnt veinírí a théann trí thriomadóirí tionsclaíocha méid mór a choinneáil freisin. Braitheann an cion taise ar roinnt fachtóirí, agus ní féidir é a chur i leith an mhodha triomaithe amháin. Dá réir sin, mheas an Coimisiún go bhfuil saintréithe bunúsacha fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha ag sraithadhmad crua-adhmaid arna dtáirgeadh ag tionscal an Aontais trí úsáid a bhaint as triomadóirí veiníre tionsclaíocha agus sraithadhmad crua-adhmaid a tháirgtear ó veinírí aerthriomaithe sa tSín, agus dhiúltaigh sé don mhaíomh.

(69) D'áitigh Houtwerf B.V. gur cheart sraithadhmad crua-adhmaid a dhéantar le gliú 100 % bithbhunaithe a eisiamh ón raon táirgí toisc gur táirge speisialta é atá neamhdhíobhálach don chomhshaol nach dtáirgtear agus nach féidir a tháirgeadh san Aontas.

(70) Chinn an Coimisiún go ndéanann roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais, amhail Garnica nó Paged, táirgí sraithadhmaid crua-adhmaid a mhonarú trí úsáid a bhaint as gliú bithbhunaithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(71) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid, Linyi Donglin Wood Factory Limited agus Vöhringer GmbH & Co gur cheart sraithadhmad crua-adhmaid atá faoi bhun 6 mm ar tiús a eisiamh ón raon táirgí toisc nach dtáirgtear an cineál sraithadhmaid sin san Eoraip agus nach bhfuil suim ag monaróirí sraithadhmaid na hEorpa é a tháirgeadh.

(72) Chinn an Coimisiún go dtáirgeann tionscal an Aontais sraithadhmad tanaí. Is é sin, táirgeann Panguaneta, i measc tháirgeoirí sampláilte an Aontais, sraithadhmad tanaí poibleoige. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin dá bhrí sin.

(73) D'áitigh Questwood gur cheart sraithadhmad poibleoige a eisiamh ón raon táirgí toisc go bhfuil sraithadhmad poibleoige a tháirgtear sa tSín ar cháilíocht níos ísle ná táirgí Eorpacha nó Turcacha.

(74) Chinn an Coimisiún nach neamhnítear leis an difríocht cháilíochta líomhnaithe an fíoras go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna ag sraithadhmad poibleoige a allmhairítear agus atá acu sin a tháirgtear san Aontas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(75) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid gur cheart sraithadhmad crua-adhmaid a dhéantar as speicis thrópaiceacha a eisiamh ón raon táirgí toisc nach bhfuil na saintréithe fíor-riachtanacha céanna acu agus atá ag speicis adhmaid sraithadhmaid eile.

(76) Chinn an Coimisiún go n-aicmítear adhmad trópaiceach mar chrua-adhmad den chuid is mó, agus go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna aige agus atá ag speicis eile sa chatagóir aicmithe adhmaid seo. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin dá bhrí sin.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(77) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(78) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun sraithadhmad crua-adhmaid a tháirgeadh. Chuir 16 táirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(79) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(80) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go raibh an Tuirc roghnaithe aige go sealadach mar thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(81) An 19 Nollaig 2024, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta a ghabhann leis comhad ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh an tsraithadhmaid crua-adhmaid. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar lena dtreoraítear rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha, is iad sin, an Bhrasaíl, an Mhalaeisia, an Téalainn agus an Tuirc.

(82) An 11 Márta 2025, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ('an dara nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh agus an Tuirc ina tír ionadaíoch. Tugadh aghaidh ar na barúlacha maidir leis an gCéad Nóta sa Dara Nóta. Chuir an Coimisiún páirtithe ar an eolas freisin go raibh sé ar intinn aige an Tuirc a roghnú mar thír ionadaíoch, agus go mbunódh sé costais SGA agus brabúis bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil go héasca maidir le cúig tháirgeoir sraithadhmaid sa Tuirc. Sonraítear thíos i roinn 3.2.2. na barúlacha maidir leis an Dara Nóta agus na foinsí faisnéise atá beartaithe ar deireadh chun an gnáthluach a chinneadh.

3.2. **An Gnáthluach**

(83) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'.

(84) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'más rud é go gcinntear … nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa' agus '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'.

(85) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne agus an cinneadh éirí as an tsampláil, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

3.2.1.1. Réamhrá

(86) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sainmhínítear gurb é atá i '*saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:*

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht, maoirseacht bheartais nó stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá;

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'

(87) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar úsáid a bhaint as na himthosca fíorasacha céanna chun a léiriú gur ann do cheann amháin nó níos mó d'eilimintí an liosta.

(88) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil. Nuair atá an measúnú foriomlán á dhéanamh lena fháil amach an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an staid sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágann nach toradh ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna agus costais.

(89) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán 'i gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta'.

(90) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ([14])('Tuarascáil') , ina bhfuil fianaise gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais ar go leor leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach ar go leor príomhthosca táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar), mar aon le hearnálacha roghnaithe (amhail an earnáil táirgí adhmadbhunaithe). Iarradh ar na páirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt maidir léi nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh.

3.2.1.2. Seasamh an ghearánaigh maidir le saobhadh mór a bheith ann

(91) D'áitigh an gearánach nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge lena mbaineann, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán agus, mar thoradh air sin, nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí.

(92) Chun tacú leis an seasamh sin, thagair an gearánach don fhianaise atá sa Tuarascáil, dá dtaighde féin, agus do thorthaí in imscrúduithe a rinne an Coimisiún agus údaráis na Stát Aontaithe roimhe seo.

(93) Go háirithe, léirigh an gearánach torthaí an Choimisiúin roimhe seo maidir le córas eacnamaíoch na Síne a bheith bunaithe ar fhoirceadal an gheilleagair margaidh shóisialaigh, ar phríomhról Pháirtí Cumannach na Síne ('Páirtí') agus ar bheartas eacnamaíoch idirghabhálach an stáit.

(94) Thairis sin, agus é á chur in iúl gur cuid d'earnálacha foraoiseachta agus táirgí adhmaid na Síne é an tionscal sraithadhmaid crua-adhmaid, mheabhraigh an gearánach na gnéithe seo a leanas a léiríonn go bhfuil saobhadh mór ann.

(95) Ar an gcéad dul síos, tá an earnáil sraithadhmaid crua-adhmaid á freastal go mór ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi rialú nó faoi mhaoirseacht nó treoraíocht bheartais údarás stáit:

— Mar a suíodh san imscrúdú sraithadhmaid okoumé ([15]), tá sciar níos mó ná 40 % ag Rialtas na Síne in Jiangsu High Hope Arser Co., Ltd. ('Arser'), an t-onnmhaireoir sraithadhmaid crua-adhmaid is mó chuig an Aontas ón tSín ([16]). San imscrúdú sin, chinn an Coimisiún freisin go ndéanann údaráis Stáit sa tSín rialú agus maoirseacht ar chuideachtaí trí bhealaí neamhfhoirmiúla, mar is léir ó '*shaothrú*' Luli Group Co., Ltd., atá faoi úinéireacht phríobháideach, ag rialtas Shandong ([17]). Thairis sin, tá idirghabháil á déanamh ag Páirtí Cumannach na Síne in oibríochtaí agus i bpróisis chinnteoireachta chuideachtaí na Síne, lena n-áirítear na cuideachtaí príobháideacha ([18]).

— Tá sé seo le feiceáil freisin ar leibhéal Chomhlachas Tionscal Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne. De réir Airteagal 4 d'Airteagail Chomhlachais CNFPIA, glacann an eagraíocht le 'treoraíocht, maoirseacht agus bainistíocht ghairmiúil […] ó Riarachán Foraoiseachta agus Féarthalún an Stáit agus ón Aireacht Gnóthaí Sibhialta' ([19]).

([14]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, 10 Aibreán 2024, SWD (2024) 91 final.

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1159 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sraithadhmaid okoumé de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga, (IO L 153, 14.6.2023, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1159/oj, aithris 83.

([16]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1159 ón gCoimisiún, aithris 53.

([17]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1159 ón gCoimisiún, aithris 53, (a thagraíonn do Roinn Foraoiseachta Chúige Hunan, *Forbraíonn an tionscal próiseála adhmaid i gCúige Shandong go tapa*, féach ag: https://lyj.hunan.gov.cn/tslm_71206/lysc/scxx/201512/t20151227_2693076.html, (arna rochtain an 14 Eanáir 2025)); Tá Grúpa Luli gníomhach i réimse táirgí sraithadhmaid crua-adhmaid, féach ag: https://luligroup.en.alibaba.com/productgrouplist-212925526/Plywood.html?spm=a2700.shop_index.88.17 (arna rochtain an 14 Eanáir 2025).

([18]) Féach Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne nó na Treoirlínte maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua, a d'eisigh Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne in 2020 (féach thíos).

([19]) Airteagail Chomhlachais Chumann Tionscail Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne, a glacadh an 21 Aibreán 2009, féach: http://www.cnfpia.org/about-law.html (arna rochtain an 14 Eanáir 2025).

(96) Ar an dara dul síos, le láithreacht an stáit i gcuideachtaí sraithadhmaid crua-adhmaid, tá na húdaráis in ann cur isteach ar phraghsanna agus/nó ar chostais:

— Faoi dhlí cuideachtaí na Síne, ní mór do gach cuideachta eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne a bhunú má tá triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad aici, mar a leagtar amach i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí ([20]). Le déanaí, d'eisigh Páirtí Cumannach na Síne Treoirlínte ón gCoiste Lárnach maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe ([21])('Treoirlínte maidir le Fronta Aontaithe') san earnáil phríobháideach don ré nua. Is é is aidhm don doiciméad ról Pháirtí Cumannach na Síne i gcuideachtaí príobháideacha a mhéadú, agus spreagadh a thabhairt chun 'dlús breise a chur le neartú an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus é a chur ar a gcumas do chealla an Pháirtí a ról a imirt go héifeachtach' ([22]). Tá na rialacha sin infheidhme freisin maidir le hearnáil sraithadhmaid crua-adhmaid na Síne. Go háirithe, fuarthas san imscrúdú i gcás sraithadhmaid okoumé go bhfuil ról déach ag príomhfheidhmeannaigh Arser, agus gurb é an bainisteoir ginearálta rúnaí brainse an Pháirtí agus gurb é an cathaoirleach rúnaí choiste an Pháirtí ([23]).

— Deimhníodh le himscrúdú a rinne an gearánach méid agus tábhacht láithreacht Pháirtí Cumannach na Síne i ngnólachtaí sraithadhmaid crua-adhmaid na Síne, lena n-áirítear dhá mhórtháirgeoir, Luli Group Co., Ltd., agus Zhejiang Yuhua Wood Industry, a bhunaigh comhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne agus ina bhfuil comhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne mar phríomh-scairshealbhóirí ([24]).

— Tá forleithne láithreacht an stáit i slabhra luacha sraithadhmaid crua-adhmaid ina fianaise bhreise ar chumas Rialtas na Síne cur isteach ar an tionscal sin maidir le praghsanna agus costais, go háirithe i bhfianaise a láithreachta agus a idirghabhála i margaí airgeadais na Síne agus i soláthar na n-amhábhar.

(97) Ar an tríú dul síos, saothraíonn Rialtas na Síne beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar shlí eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir:

— Chomh maith le córas casta pleanála tionsclaíche a dhéanann difear do gach gníomhaíocht eacnamaíoch, tá beartais phoiblí ábhartha eile, lena n-áirítear rialacha soláthair, á n-úsáid go tráthrialta chun spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú.

— D'achtaigh údaráis na Síne beartais chun an earnáil sraithadhmaid a threorú ([25]), lena n-áirítear teicneolaíochtaí a bhaineann le painéil adhmaid a liostú mar thionscail spreagtha i gCatalóg Threorach 2019 maidir le coigeartú struchtúrach an tionscail ([26]).

— Tá táirgí agus earnálacha a bhaineann le sraithadhmad crua-adhmaid, amhail painéil adhmadbhunaithe, urláir adhmaid, agus troscán adhmaid, go mór chun tosaigh sa 14ú Plean Cúig Bliana um Fhorbairt an Tionscail Foraoise agus Féarthalún (2021-2025) ([27]) ('14ú Plean Foraoise'). Thairis sin, mar a tugadh faoi deara sa chás sraithadhmaid okoumé agus bunaithe ar an leagan bunaidh Sínise den doiciméad, socraítear leis an 14ú Plean Foraoise spriocanna aschuir sonracha le haghaidh na margaí sin: '[f]*aoi 2025* [...] cobhsófar aschur painéal de dhéantús an duine ag thart ar 300 milliún méadar ciúbach, cobhsófar aschur urláir ag thart ar 800 milliún méadar cearnach, agus beidh luach aschuir troscáin adhmaid níos mó ná RMB 800 billiún' ([28]).

([20]) Tuarascáil, Caibidil 3, lch. 40.

([21]) Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua, féach: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 14 Eanáir 2025).

([22]) Féach freisin ag: https://www.ft.com/content/582411f6-fc3b-4e4d-9916-c30a29ad010e?shareType=nongift (arna rochtain an 14 Eanáir 2025).

([23]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1159 aithris 58.

([24]) Féach ag: https://baike.baidu.com/item/%E8%96%9B%E8%8C%82%E6%9E%97/6365322; https://baike.baidu.com/item/%E9%87%91%E6%9C%88%E5%8D%8E/17587851?fr=ge_ala (arna rochtain an 14 Eanáir 2025).

([25]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1159, roinn 3.3.1.5.

([26]) Féach ag: https://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/content_5449193.htm; https://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf (arna rochtain an 14 Eanáir 2025).

([27]) Féach ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-02/13/5673332/files/97808c86c2454133b6416abe7eae2c55.pdf (arna rochtain an 14 Eanáir 2025).

([28]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1159, aithris 61.

— Tá tionscal foraoiseachta agus féir na Síne faoi réir Thuairim Threorach 2019 ón Riarachán Náisiúnta maidir le Foraoiseacht agus Féarthalamh freisin, inar leagadh síos paraiméadair d'fhorbairt bheartaithe na hearnála: '[f]*aoi 2025,* [...] cuirfear feabhas mór ar acmhainneacht tacaíochta na n-acmhainní foraoise agus féir, [...] agus sroichfidh méid trádála allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin na dtáirgí foraoise USD 240 billiún' ([29]).

— Le staidéar a rinne Acadamh Foraoiseachta na Síne in 2016, tagraítear do bheartas seanbhunaithe 'dul thar lear', arb é is aidhm dó acmhainní foraoise a fháil ó Mheiriceá Laidineach, ón Áise Thoir Theas agus ón Afraic chun dul i bhfód idirnáisiúnta thionscal sraithadhmaid na Síne a chur chun cinn ([30]).

(98) Ar an gceathrú dul síos, ar nós earnálacha eile de gheilleagar na Síne, tá an earnáil sraithadhmaid crua-adhmaid faoi réir saobhadh a eascraíonn as dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó a fhorfheidhmiú go neamhleor:

— Shuigh an Coimisiún i gcás fabraicí snáithíní gloine go bhfuil saobhadh ann a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach na reachtaíochta ábhartha, go háirithe maidir le dócmhainneacht agus leithdháileadh ceart úsáide talún ([31]).

— I gcás sraithadhmaid okoumé, thug an Coimisiún dá aire gur léir go háirithe easnaimh chóras chearta maoine Dhaon-Phoblacht na Síne i gcomhthéacs úinéireacht talún agus chearta úsáide talún na tíre araon ([32]).

— Thairis sin, ós rud é go bhfuil bainistiú foraoise na Síne faoi dhlínse an Riaracháin Náisiúnta maidir le Foraoiseacht agus Féarthalamh, tá an t-údarás freagrach as beartais a fhorbairt maidir le leithdháileadh acmhainní foraoiseachta agus féarthalún agus as úsáid adhmaid agus déanann sé maoirseacht ar fhormheas na ngníomhaíochtaí próiseála adhmaid uile sa tír ([33]).

— Ar deireadh, fuarthas le staidéar ó Acadamh Foraoiseachta na Síne in 2016 gurbh iad foraoisí faoi úinéireacht stáit an príomhthionscnamh do na hamhábhair a úsáideann cuideachtaí sraithadhmaid ([34]).

(99) Ar an gcúigiú dul síos, déantar costais phá a shaobhadh san earnáil sraithadhmaid crua-adhmaid freisin:

— Chinn an Coimisiún roimhe seo nach féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí i ndáil lena gcearta maidir le comheagrú. Níl ach eagraíocht cheardchumainn amháin gníomhach sa tSín, ach tá easpa neamhspleáchais aici ón stát ([35]).

— Ina theannta sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta ag an gcóras clárúcháin teaghlaigh. Mar gheall air sin de ghnáth, fágtar na hoibrithe sin nach bhfuil an clárú cónaitheachta áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach fostaíochta agus faigheann siad pá níos ísle ná na daoine ar sealbhóirí an chláraithe cónaitheachta iad ([36]).

([29]) Féach ag: https://www.gov.cn/xinwen/2019-02/19/content_5366730.htm (arna rochtain an 14 Eanáir 2025).
([30]) Féach Acadamh Foraoiseachta na Síne, Institiúid Taighde um Beartas agus Faisnéis Foraoiseachta, *Case study on the plywood industry in China* [Cás-staidéar ar an tionscal sraithadhmaid sa tSín], Athbhreithniú Débhliantúil 2015-2016.
([31]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna cinntitheacha frithdhumpála ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte, (IO L 108, 6.4.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/492/oj, aithrisí 139-141.
([32]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1159, aithris 64.
([33]) Féach Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, Bunachar Sonraí FAOLEX *An tSín*, arna thabhairt cothrom le dáta an 22 Samhain 2019, féach ag: https://www.fao.org/faolex/results/details/en/c/LEX-FAOC191311/ (arna rochtain an 14 Eanáir 2025).
([34]) Féach Acadamh Foraoiseachta na Síne, Institiúid Taighde um Beartas agus Faisnéis Foraoiseachta, *Case study on the plywood industry in China* [Cás-staidéar ar an tionscal sraithadhmaid sa tSín], Athbhreithniú Débhliantúil 2015-2016, lch. 46.
([35]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, aithris 143.
([36]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, aithris 143; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1159 ón gCoimisiún, aithris 67; Tuarascáil, lgh. 337-341.

(100) Ar an séú dul síos, tá rochtain ag táirgeoirí san earnáil sraithadhmaid crua-adhmaid ar mhaoiniú a dheonaíonn institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach bhfuil ag gníomhú go neamhspleách ar an stát ar shlí eile:

— Tá na bainc fós ceangailte leis an stát, ní hamháin trí úinéireacht ach trí chaidreamh pearsanta freisin. Go háirithe, is é Páirtí Cumannach na Síne ar deireadh a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht an stáit ([37]).

— Feidhmíonn na hinstitiúidí airgeadais sa tSín faoi rialacha lena ndéantar maoiniú a dhíriú ar earnálacha a ainmníonn an rialtas mar earnálacha spreagtha nó mar earnálacha atá tábhachtach ar shlí eile ([38]). Mar thoradh ar an staid sin, bíonn claonadh ann i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí atá faoi úinéireacht an Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a chiallaíonn nach ionann infhaighteacht agus costas an chaipitil do gach gníomhaí ar an margadh ([39]).

— Thairis sin, tháinig údaráis na Stát Aontaithe ar an gconclúid go n-úsáideann Rialtas na Síne '*iasachtaí chun fás tionscal fabhraithe a spreagadh agus chun tacú leis, lena n-áirítear iad siúd a úsáideann adhmad, lena n-áireofaí an tionscal sraithadhmaid crua-adhmaid*' ([40]).

(101) Mar chonclúid, d'áitigh an gearánach go bhfuil fianaise prima facie ann go bhfuil saobhadh mór de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán san earnáil sraithadhmaid crua-adhmaid.

3.2.1.3. Torthaí an Choimisiúin

(102) Rinne an Coimisiún scrúdú lena fháil amach an raibh, nó nach raibh, sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín, de bharr saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad.

(103) Cumhdaíodh le hanailís an Choimisiúin an scrúdú ar na hidirghabhálacha substaintiúla rialtais i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge lena mbaineann. Thairis sin, rinne an Coimisiún forlíonadh ar na gnéithe fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir ábhartha éagsúla chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(104) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap 'geilleagar margaidh sóisialach'. Cumhdaítear an coincheap sin i mBunreacht na Síne agus déantar rialachas eacnamaíoch na Síne a chinneadh leis. Is é an príomhphrionsabal '*úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre*' ([41]).

(105) Is é an geilleagar faoi úinéireacht stáit an '*fórsa ceannasach sa gheilleagar náisiúnta*' agus tá sainordú ag an stát '*a chomhdhlúthú agus a fhás*' a áirithiú ([42]). Dá réir sin, ní hamháin go bhfuil geilleagar na Síne socraithe go foriomlán sa chaoi gur féidir leis an Rialtas idirghabhálacha substaintiúla a dhéanamh sa gheilleagar, tá idirghabhálacha den sórt sin sainordaithe go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach leata ar fud an chórais dlíthiúil fhoriomláin agus leagtar béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta.

(106) Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht stáit ([43]).

([37]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 148-149.
([38]) Tuarascáil, Caibidil 5, lgh. 137-165.
([39]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1159 ón gCoimisiún, aithris 74.
([40]) Féach Riarachán Trádála Idirnáisiúnta na Stát Aontaithe, Meabhrán Cinnidh don Réamhchinneadh Dearfach: Countervailing Duty Investigation of Certain Hardwood Plywood Products from the People's Republic of China [Imscrúdú ar Dhleacht Frithchúitimh ar Tháirgí Sraithadhmaid Crua-adhmaid Áirithe ó Dhaon-Phoblacht na Síne], 17 Aibreán 2017.
([41]) Tuarascáil, Caibidil 2, lch. 7.
([42]) Ibid., lgh. 7-8.
([43]) Ibid., lgh. 10-18.

(107) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud a chruthaíonn forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.

(108) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.

(109) Tar éis na chéad abairte atá cheana féin san fhoráil: '[i]*s é an córas sóisialach córas bunúsach na Síne*' cuireadh an dara habairt nua isteach mar a leanas: '[i]*s é saintréith an tsóisialachais lena ngabhann saintréithe Síneacha ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne*' ([44]). Léiríonn sé sin smacht gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch Dhaon-Phoblacht na Síne, smacht atá ag fás de shíor.

(110) Is gnéithe lárnacha de chóras na Síne iad an cheannaireacht agus an rialú sin agus téann siad i bhfad thar an ngnáthstaid i dtíortha eile ina bhfeidhmíonn na rialtais rialú ginearálta maicreacnamaíoch laistigh de na teorainneacha ina mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir i gceist.

(111) Bíonn stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach agus é ag saothrú spriocanna, ar spriocanna iad a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne seachas a bheith ag léiriú na ndálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([45]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha idirghabhálacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus le leibhéal na timpeallachta rialála.

(112) Ar an gcéad dul síos, ar leibhéal an smachta riaracháin ghinearálta, tá treo gheilleagar na Síne á rialú ag córas casta um pleanáil tionscail a bhfuil tionchar aige ar gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Leis na pleananna sin ar fad cumhdaítear maitrís chuimsitheach chasta earnálacha agus beartas trasghearrtha, agus tá siad ann ar gach leibhéal rialtais.

(113) Tá pleananna mionsonraithe á gcur i bhfeidhm ar leibhéal na gcúigí agus leagtar amach spriocanna níos leithne sna pleananna náisiúnta. I bpleananna sonraítear freisin na modhanna lena dtacófar leis na tionscail/na hearnálacha ábhartha, chomh maith leis na tráthchláir ar laistigh díobh is gá na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha aschuir ann i roinnt pleananna i gcónaí.

(114) Faoi na pleananna, tugtar aird ar leith ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail aonair mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir leis na tosaíochtaí rialtais agus sanntar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) dóibh.

(115) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht an stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir na ndálaí a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad na cumhachtaí atá dílsithe dóibh dá réir sin agus, ar an dóigh sin, mealltar na hoibreoirí eacnamaíocha chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ([46]).

(116) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus ag na bainc bheartais ar chóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntas eacnamaíoch tionscadail ar leith ([47]).

(117) Is amhlaidh atá i gcás comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháidigh etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais curtha ar bun ar bhonn institiúide agus oibríochta ar bhealach nach bhfuil oiriúnaithe chun feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach i dtreo rialú a áirithiú agus idirghabháil ón stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([48]).

([44]) Féach ag: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.html (arna rochtain an 30 Eanáir 2025).
([45]) Tuarascáil, lgh. 29-30.
([46]) Ibid., lgh. 57-92.
([47]) Tuarascáil, lgh. 149-150.
([48]) Ibid., lgh. 153-171.

(118) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt cineálacha idirghabhála stáit sa gheilleagar ann. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta chun spriocanna beartais, seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú agus, dá bharr sin, baintear an bonn de phrionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí a sheoladh d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh le beartais an stáit a éascú. Mar sin féin, níor sainíodh cineál na spriocanna sin go fóill, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([49]).

(119) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, coimeádann Rialtas na Síne rialú agus tionchar suntasach ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus coisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais tionsclaíocha, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomhearnálacha nó borradh a chur faoin tionsclaíocht intíre ([50]).

(120) Mar sin, bunaítear samhail eacnamaíoch na Síne ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena bhforáiltear don iliomad idirghabhálacha rialtais agus lena spreagtar iad. Bíonn idirghabhálacha substainteacha den sórt sin ón rialtas ag teacht salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr ([51]).

Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht, maoirseacht bheartais nó stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir.

(121) Sa tSín, is cuid ríthábhachtach den gheilleagar iad fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit.

(122) Cé gur cosúil nach bhfuil an leibhéal úinéireachta stáit mór san earnáil sraithadhmaid crua-adhmaid, coinníonn Rialtas na Síne scairsheilbh i roinnt oibreoirí eacnamaíocha laistigh den earnáil, amhail Guangxi Forestry Group Co., Ltd., '*fiontar mórscála faoi úinéireacht stáit go díreach faoi Rialtas Phobal Réigiún Féinrialaitheach* [Guangxi]' ([52]); sa chuideachta trádála SUMEC Group Corporation ('*SUMEC*') fochuideachta de chuid SINOMACH, '*fiontar cnámh droma faoi úinéireacht stáit faoi rialú díreach an rialtais láir*' ([53]); nó in Arser ([54]) a bunaíodh mar chuideachta trádála ach '[l]*e blianta beaga anuas, faoi threoraíocht Choimisiún Cúige Jiangsu um Maoirseacht agus Riarachán Sócmhainní faoi úinéireacht an Stáit* [...] *a bhunaigh a straitéis forbartha gnó maidir le síneadh réamhtheachtach agus iartheachtach ar an slabhra tionsclaíoch agus oibriú comhtháite an tslabhra soláthair, agus a rinne a dhícheall é féin a thógáil ina sholáthraí seirbhíse oibríochta comhtháite do shlabhra tionsclaíoch iomlán an tionscail adhmaid*' ([55]). Lasmuigh d'úinéireacht fhoirmiúil, is féidir le húdaráis stáit cuideachtaí a rialú agus a mhaoirsiú trí bhealaí neamhfhoirmiúla, mar a léiríonn Luli Group Co., Ltd. atá faoi úinéireacht phríobháideach agus, de réir foinsí poiblí, atá 'saothraithe' ag rialtas chúige Shandong ([56]). Ar an gcaoi chéanna, comhlíonann fiú táirgeoir ar scála níos lú, Feiya Wood Industry, dá dtagraíonn an gearánach freisin, ionchais Pháirtí Cumannach na Síne a mhéid a bhronn Coiste Bardasach Xuzhou agus Rialtas Bardasach Phobal Xuzhou an teideal oinigh '*fiontraí príobháideach den scoth*' ar a bhainisteoir ginearálta ([57]).

([49]) Ibid., lgh. 204-205.
([50]) Ibid., lgh. 207-208, 242-243.
([51]) Ibid., lgh. 19-24, 69, 99-100, 130-131.
([52]) Féach ag: http://www.gxlyjt.com/lyjt/columns/1 (arna rochtain an 27 Eanáir 2025).
([53]) Féach ag: https://en.sumec.com/men/index.html (arna rochtain an 23 Eanáir 2025).
([54]) Féach lch. 252 de thuarascáil bhliantúil 2023 Jiangsu High Hope Group, atá ar fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2024/2024-4/2024-04-29/10135358.PDF (arna rochtain an 22 Eanáir 2025).
([55]) Féach ag: http://www.highhope.com/xinxigongkai/chengyuanqiye/huihongyasen/qiyejibenxinxi/2022-03-08/3061.html (arna rochtain an 23 Eanáir 2025).
([56]) Féach ag: lyj.hunan.gov.cn/tslm_71206/lysc/scxx/201512/t20151227_2693076.html (arna rochtain an 22 Eanáir 2025).
([57]) Féach ag: https://m.thepaper.cn/baijiahao_5438304 (arna rochtain an 27 Márta 2025).

(123) Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil idirghabhálacha Páirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([58]), agus go n-éilíonn Páirtí Cumannach na Síne ceannaireacht ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an stáit trí bhíthin struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí go mbíonn oibreoirí eacnamaíocha faoi rialú agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais.

(124) Thairis sin, tá an earnáil sraithadhmaid crua-adhmaid faoi réir roinnt beartas rialtais, ós rud é gur liostaíodh an earnáil próiseála adhmaid mar thionscal spreagtha i gCatalóg Threorach 2019 maidir le coigeartú struchtúrach an tionscail ([59]), agus ina leagan nuashonraithe 2024 ([60]). Ina theannta sin, liostaítear leis an dá leagan den chatalóg 'línte táirgeachta sraithadhmaid agus bloc-chláir ag a bhfuil toilleadh níos lú ná 10 000 méadar ciúbach in aghaidh na bliana' mar thionscal srianta, arb é go bunúsach treoraíocht rialtais i bhfabhar táirgeoirí mórscála ([61]).

(125) Ar an gcaoi chéanna, socraítear na cuspóirí seo a leanas leis an 14ú Plean Foraoise Cúig Bliana: '*Forbairt, cur i bhfeidhm agus cur chun cinn greamachán nua atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a spreagadh, agus cion na dtáirgí próiseála adhmaid ísealfhormaildéid agus saor ó fhormaildéad a mhéadú de réir a chéile*. [...] *Dlús a chur le forbairt tionscal atá ag teacht chun cinn amhail fearastuithe tí saincheaptha, struchtúir adhmaid agus ábhair thógála adhmaid,* [...] *Faoi 2025, cobhsóidh aschur painéal adhmadbhunaithe ag thart ar 300 milliún méadar ciúbach*.'

(126) Is féidir rialú rialtais agus maoirseacht bheartais a fheiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ([62]). Mar shampla, luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CTTFNS, '*glacann an eagraíocht leis an treoir ghnó, leis an maoirseacht agus leis an mbainistíocht a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar neartú an Pháirtí agus, chomh maith leis sin, a dhéanann na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail*' ([63]).

(127) Is comhalta de Chomhlachas Tionscal Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne é Arser agus roghnaíodh é mar chomhalta cuideachta taispeána le haghaidh cuid de ghníomhaíochtaí an Chomhlachais ([64]).

(128) Is comhalta de Chomhlachas Tionscal Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne é Luli Group Co., Ltd. agus roghnaíodh é mar chomhalta cuideachta tagarmhairc le haghaidh cuid de ghníomhaíochtaí an Chomhlachais ([65]).

(129) Ar an gcaoi chéanna, sonraíonn Comhlachas Dáileacháin Adhmaid agus Táirgí Adhmaid na Síne ('*CTWPDA*') freisin in Airteagal 3 dá Airteagail Chomhlachais, '*glacann an eagraíocht leis an treoir ghnó, leis an maoirseacht agus leis an mbainistíocht a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar neartú an Pháirtí agus, chomh maith leis sin, a dhéanann na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail*' ([66]) agus go gcuireann sí í féin i láthair mar '*c[h]omhlachas atá faoi réir riarachán na hAireachta Gnóthaí Sibhialta agus mhaoirseacht agus threoraíocht Choimisiún na Comhairle Stáit um Maoirseacht agus Riarachán Sócmhainní faoi Uinéireacht Stáit* […]' ([67]).

([58]) Féach, mar shampla Airteagal 33 de bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de dhlí cuideachtaí na Síne nó na Treoirlínte maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua arna eisiúint ag Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne in 2020.

([59]) Féach Roinn I.1.39, lch. 4, ar fáil ag: https://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf, (arna rochtain an 23 Eanáir 2025).

([60]) Féach Roinn I.1.7, lch. 11, ar fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/P020231229700886191069.pdf, (arna rochtain an 23 Eanáir 2025).

([61]) Féach Roinn II.1.9, lch. 81, ar fáil ag: https://www.gov.cn/xinwen/2019 11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf; agus Roinn II1.7 lch. 85 ar fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/P020231229700886191069.pdf, (arna rochtain araon an 23 Eanáir 2025).

([62]) Tuarascáil, Caibidil 2, lgh. 24-27.

([63]) Féach ag: http://www.cnfpia.org/about-law.html (arna rochtain an 22 Eanáir 2025).

([64]) Féach ag: http://www.highhope.com/dongtaizixun/huihongdongtai/2019-07-29/1394.html (arna rochtain an 23 Eanáir 2025).

([65]) Féach ag: https://www.luligroup.com/index.php?m=content&c=index&a=show&catid=9125&id=2177 (arna rochtain an 23 Eanáir 2025).

([66]) Féach ag: https://www.cnwood.org.cn/article/11_1102_0_0.html?shId=226 (arna rochtain an 23 Eanáir 2025).

([67]) Ibid.

(130) Is comhalta de Chomhlachas Dáileacháin Adhmaid agus Táirgí Adhmaid na Síne é Luli Group Co., Ltd. ([68]). Dá bhrí sin, cuirtear cosc ar tháirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseacht bheartais agus treoraíochta.

Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: láithreacht an Stáit i ngnólachtaí rud a lamhálann don stát cur isteach a dhéanamh maidir le praghsanna nó costais

(131) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an stáit i ngnólachtaí. Go deimhin, is bealach tábhachtach iad cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, faoi úinéireacht an stáit agus san earnáil phríobháideach araon, trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó.

(132) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne le bunú i ngach cuideachta (ina bhfuil triúr comhaltaí, ar a laghad, de Pháirtí Cumannach na Síne mar a shonraítear i mBunreacht an Pháirtí) ([69]) agus soláthróidh an chuideachta na dálaí a theastaíonn le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.

(133) Níor léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ([70]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([71]).

(134) Cheana féin in 2018, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 73 % den 2,57 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí féin ([72]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(135) De bhreis air sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua ('*na Treoirlínte*') ([73]) rud a chuir le ról choistí an pháirtí i bhfiontair phríobháideacha.

(136) Luaitear an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: '[n]*í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur go héifeachtach leis an obair sa réimse sin*'; agus luaitear i roinn III.6: '[n]*í mór dúinn freisin dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus a chur ar chumas chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a chomhlíonadh go héifeachtach agus a chur ar chumas chomhaltaí an Pháirtí a róil a chomhlíonadh mar urghardaí agus mar cheannródaithe*'. Cuirtear béim sna Treoirlínte ar ról Pháirtí Cumannach na Síne i gcuideachtaí agus in eintitis eile de chuid na hearnála príobháidí agus féachtar leo an ról sin a mhéadú ([74]).

(137) Deimhníodh leis an imscrúdú seo go bhfuil forluí idir poist bhainistíochta agus ballraíocht/feidhmeanna Pháirtí Cumannach na Síne san earnáil sraithadhmaid crua-adhmaid freisin. Mar shampla, tá post rúnaí brainse an Pháirtí ag bainisteoir ginearálta Arser an tráth céanna agus feidhmíonn cathaoirleach na máthairchuideachta Jiangsu High Hope Group freisin mar rúnaí an ghrúpa ar choiste an Pháirtí ([75]).

([68]) Féach ag: https://www.cnwood.org.cn/article/12_12887_0_0.html?shId=226 (arna rochtain an 23 Eanáir 2023).
([69]) Tuarascáil, Caibidil 3, lch. 40.
([70]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: *The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster*, Foreign Affairs, imleabhar 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.
([71]) Tuarascáil, Caibidil 3, lch. 41.
([72]) Féach ag: https://merics.org/en/comment/who-ccp-chinas-communist-party-infographics (arna rochtain an 30 Eanáir 2025).
([73]) Féach Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua, atá ar fáil ag: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 29 Eanáir 2025).
([74]) Féach Financial Times (2020) — Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise, féach ag: https://on.ft.com/3mYxP4j (arna rochtain an 29 Eanáir 2025).
([75]) Ibid.

(138) Thairis sin, feidhmíonn cathaoirleach bhord stiúrthóirí Guangxi Forestry Groups Co., Ltd. mar rúnaí an ghrúpa ar choiste an Pháirtí ([76]). Thairis sin, ceanglaítear ar chomhaltaí Páirtí na cuideachta 'a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le cinntí agus socruithe uile choiste páirtí an ghrúpa a chur chun feidhme, freagracht a neartú i gcónaí, ról léirithe agus ceannasach a ghlacadh, agus torthaí na foghlama agus an oideachais ar dhisciplín an pháirtí a athrú ina spreagadh cumhachtach chun forbairt ardcháilíochta an ghrúpa a chur chun cinn' ([77]).

(139) Thairis sin, feidhmíonn comhalta bhord stiúrthóirí SUMEC mar rúnaí na cuideachta ar choiste an Pháirtí agus is leasrúnaí na cuideachta ar choiste an Pháirtí freisin é bainisteoir ginearálta na cuideachta ([78]).

(140) Ar an gcaoi chéanna, feidhmíonn leaschathaoirleach Luli Group Co., Ltd. an tráth céanna mar rúnaí choiste an Pháirtí ([79]). Freisin, deimhníonn rúnaí choiste an Pháirtí go ndíreoidh 'Luli Group Co., Ltd. ar imscaradh foriomlán sprioc straitéiseach fhadtéarmach Choiste Pháirtí Bhardas Shougang agus an Rialtais Bhardasaigh chun cuideachta láidir RMB 100 billiún a thógáil' ([80]).

(141) Tá tionchar saofa breise ar an margadh mar gheall ar láithreacht agus idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin ([81]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, san earnáil sraithadhmaid crua-adhmaid agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar fhórsaí an mhargaidh shaoir ar chaoi eile

(142) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh go leibhéal suntasach le córas casta pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór, leo. Is de chineál ceangailteach iad na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.

(143) Go foriomlán, de bharr an chórais pleanála atá ann sa tSín, bíonn acmhainní á ndíriú chuig earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas na hacmhainní sin a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([82]).

(144) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú na hearnála sraithadhmaid crua-adhmaid.

(145) Mar shampla, cuimsítear na forálacha seo a leanas freisin leis an Tuairim Treorach maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Foraoiseachta agus Féarthalún a Chur Chun Cinn ([83]) (*'an Tuairim Treorach maidir le Foraoiseacht'*): 'Faoi 2025, cruthófar go bunúsach an córas agus an sásra chun úsáid réasúnach a bhaint as acmhainní foraoise agus féir, cuirfear feabhas mór ar acmhainneacht tacaíochta acmhainní foraoise agus féir, méadófar go mór aschur táirgí foraoise agus féir ar ardcháilíocht, agus leathnófar trádáil táirgí foraoise a thuilleadh, agus iarracht á déanamh luach aschuir na foraoiseachta náisiúnta a mhéadú 50 % ar an mbonn atá ann faoi láthair. [...] Faoi 2035, [...] leathnófar scála an

([76]) Féach ag: http://gxlyjt.com/lyjt/doc/820 (arna rochtain an 27 Eanáir 2025).
([77]) Féach ag: http://www.gxlyjt.com/lyjt/doc/2711 (arna rochtain an 28 Eanáir 2025).
([78]) Féach tuarascáil bhliantúil SUMEC 2023, lch. 37, ar fáil ag: https://static.sse.com.cn/disclosure/listedinfo/announcement/c/new/2024-04-13/600710_20240413_DL95.pdf (arna rochtain an 23 Eanáir 2025).
([79]) Féach ag: https://www.gov.cn/xinwen/2022-08/03/content_5704115.htm (arna rochtain an 23 Eanáir 2025).
([80]) Féach ag: https://guancai.lgmi.com/html/202302/03/4616.htm (arna rochtain an 28 Eanáir 2025).
([81]) Tuarascáil, Caibidil 12.
([82]) Tuarascáil, Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100.
([83]) Féach ag: https://www.gov.cn/xinwen/2019-02/19/content_5366730.htm (arna rochtain an 27 Eanáir 2025).

tionscail foraoise agus féir a thuilleadh, [...] déanfar struchtúr an tionscail a optamú a thuilleadh, cuirfear feabhas cuimsitheach ar cháilíocht an táirge agus ar leibhéal na seirbhíse, beidh an mhaoirseacht ar úsáid acmhainní níos éifeachtúla, chun feabhas leanúnach a chur ar acmhainneacht na hearnála freastal ar straitéisí náisiúnta.' ([84]) Ceanglaítear leis an Tuairim Treorach maidir le Foraoiseacht freisin 'cur chun cinn an uasghrádaithe ar an tionscal próiseála [trí] leagan amach an bhoinn amhábhair a optamú mar aon le leagan amach an tionscail próiseála táirgí foraoise agus féir' ([85]).

(146) Thairis sin, ar leibhéal na gcúigí, ghlac Cúige Féinrialaitheach Guangxi — ina bhfuil Guangxi Forestry Group Co., Ltd. lonnaithe — an 14ú Plean Foraoise Cúig Bliana maidir le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta agus peirspictíochtaí 2035 ([86]) arb é is aidhm dóibh 'slabhraí tionscail buntáisteacha a chomhlánú, a neartú agus a leathnú', lena n-áirítear trí 'claochlú agus uasghrádú na dtionscal traidisiúnta amhail […] próiseáil adhmaid a chur chun cinn'. Thairis sin, maidir leis an tionscal próiseála foraoiseachta, ceanglaítear ar sheolaithe an phlean an méid seo a leanas a dhéanamh: 'díriú ar fhorbairt déanta páipéir [agus] painéil adhmadbhunaithe [...]' agus 'ar shlabhra tionscail iomlán de bhord monaraithe, troscán agus fearastú tí a thógáil.'

(147) Ar an leibhéal áitiúil freisin, ghlac Ceantar Shuyang (Jiangsu), i mí Eanáir 2024, an Tuairim maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Próiseála Adhmaid agus Monaraíochta Troscáin ([87]) arb é is aidhm di '[f]aoi dheireadh 2026, 1-2 chuideachta liostaithe, 1-2 ghrúpa fiontair a shaothrú ag a bhfuil luach aschuir níos mó ná RBM 5 billiún agus feabhas leanúnach a chur ar cháilíocht fhoriomlán an tionscail [agus] feabhas a chur ar an slabhra tionscail, sciar na dtáirgí críochnaithe amhail urlárlach, troscán agus ábhair mhaisiúla ardleibhéil a mhéadú.' Chuige sin, sonraítear leis freisin go '[n]díreoidh an tionscal sraithadhmaid ar fhorbairt buntáirgí le haghaidh troscáin, urlárlaigh chomhchodaigh adhmaid sholadaigh, earraí tí, etc. [agus nach] [m]beidh acmhainneacht táirgthe línte táirgeachta sraithadhmaid agus bloc-chláir níos lú ná 10 000 méadar ciúbach/bliain.' Trí na modhanna sin agus modhanna eile, déanann Rialtas na Síne beagnach gach gné d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála, mar aon le hionchuir réamhtheachtacha, a stiúradh agus a rialú.

(148) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin bac ar fhórsaí an mhargaidh a oibriú gan bhac.

Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: easpa dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor.

(149) De réir na faisnéise atá ann ar an gcomhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach ar bhonn leordhóthanach amhail éilimh agus fiacha a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiúchán córasach ina shaintréith de chóras na Síne.

(150) Tá an líon féimheachtaí fós thar a bheith íseal i gcomparáid le méid gheilleagar na tíre, go háirithe toisc go mbíonn roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, agus go bhfeidhmíonn na himeachtaí sin go héifeachtach mar dhídhreasú i gcomhair comhdú féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, is minic a imríonn an ról sin tionchar díreach ar thoradh na n-imeachtaí ([88]).

([84]) Ibid. Féach Roinn III.
([85]) Ibid. Féach Roinn IV.
([86]) Féach Roinn XI.1 agus XV.3 den phlean, atá ar fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/fggz/fzzlgh/dffzgh/202106/t20210617_1283435.html (arna rochtain an 27 Eanáir 2025).
([87]) Féach ag: https://shyang.investchn.com/news/detail/id/512215.html (arna rochtain an 27 Eanáir 2025).
([88]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 171-179.

(151) Ina theannta sin, is léir go háirithe easnaimh an chórais maidir le cearta maoine i ndáil le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ([89]). Is leis an stát an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach atá faoi úinéireacht an Stáit) agus tá leithdháileadh na talún fós ag brath ar an stát amháin. Tá forálacha dlíthiúla ann a bhfuil sé d'aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([90]). Thairis sin, saothraíonn na húdaráis spriocanna polaitiúla sonracha lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme nuair a bhíonn talamh á leithdháileadh ([91]).

(152) Dála earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá d'éifeacht leis sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir saobhadh ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraíonn sé go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin san earnáil próiseála adhmaid agus foraoiseachta agus, dá bhrí sin, san earnáil sraithadhmaid crua-adhmaid. Níor léirigh an t-imscrúdú seo aon rud a chaithfeadh amhras ar na torthaí sin.

(153) I bhfianaise an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá

(154) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiún bunúsach EIS, go háirithe iad sin a bhaineann le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([92]).

(155) Faoin dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht cheardchumainn ghníomhach amháin ann. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis stáit agus ní dhéanann sí ach obair an-bhunúsach maidir le cómhargáil agus cearta oibrithe a chosaint ([93]). Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta mar gheall ar chóras clárúcháin na dteaghlach, ar córas é a chuireann srian ar rochtain ar raon iomlán sochar slándála sóisialta agus sochar eile do chónaitheoirí áitiúla i limistéar áirithe riaracháin.

(156) Fágann sé sin go bhfuil oibrithe nach bhfuil an clárú cónaithe áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach ó thaobh fostaíochta de, agus iad ar ioncam níos ísle ná sealbhóirí an chlárúcháin cónaithe ([94]).

(157) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh earnáil sraithadhmaid crua-adhmaid faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar tugadh tuairisc air. Déanann an saobhadh ar chostais phá difear díreach dá réir sin don earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomh-amhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go neamhdhíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile

(158) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir saobhadh de chineálacha éagsúla.

([89]) Tuarascáil, Caibidil 9, lgh. 260-261.
([90]) Ibid., lgh. 257-260.
([91]) Ibid., lgh. 252-254.
([92]) Tuarascáil, Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.
([93]) Ibid., lch. 366.
([94]) Ibid, lgh. 370-373.

(159) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht an stáit ([95]), i gcóras airgeadais na Síne, agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Dála na gcuideachtaí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne ar deireadh thiar a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht stáit) ([96]) agus is gnách leo beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne a chur chun feidhme.

(160) Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc oibleagáid dhlíthiúil shainráite maidir lena ngnó a sheoladh i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta, idir eacnamaíoch agus sóisialta, agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an Stáit ([97]). Cé go n-admhaítear go dtagraítear le forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá ann gnáthiompar baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le hacmhainneacht creidmheasa an iasachtaí a scrúdú, tugann formhór na fianaise le fios. lena n-áirítear torthaí imscrúduithe cosanta trádála, nach bhfuil ach ról tánaisteach ag na forálacha sin maidir le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí dlíthiúla éagsúla.

(161) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí príobháideacha baincéireachta tráchtála fiú agus go mbeidh siad i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is é atá i gceann amháin de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta anois ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([98]). Chomh maith leis sin, ní mór a chur san áireamh anois le critéir meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go sonrach, an chaoi 'a bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfíorgheilleagar', agus go háirithe an chaoi 'a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn' ([99]).

(162) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca, agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas ([100]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar ag spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([101]). Is é an toradh atá air sin, claonadh i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí faoi úinéireacht stáit, do ghnólachtaí móra príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí i bpríomhearnálacha tionsclaíocha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas caipitil do na gníomhaithe go léir ar an margadh.

(163) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Dá thoradh sin tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus tá an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ann sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.

([95]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 137-140.
([96]) Ibid., lgh. 146-149.
([97]) Tuarascáil, Caibidil 6, lch. 149.
([98]) Féach an *Plean gníomhaíochta trí bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022)* a d'eisigh Coimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne ('*CBIRC*') an 28 Lúnasa 2020, atá ar fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2020-08/30/content_5538504.htm (arna rochtain an 30 Eanáir 2025). Tugtar treoir sa Phlean '*an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme tuilleadh maidir le hathchóiriú rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn*'. Thairis sin, is é is aidhm do roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: '*déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta […] Ní mór do Choiste an Pháirtí mór-shaincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula gcinnfidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach iad*'.
([99]) Féach an *Fógra maidir le modh meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála* a d'eisigh CBIRC an 15 Nollaig 2020, atá le fáil ag: http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (arna rochtain an 31 Eanáir 2025).
([100]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 157-158.
([101]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.

(164) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, ní toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na comharthaí praghais go fóill ach bíonn tionchar orthu ag saobhadh a thagann ón rialtas. Maidir leis an sciar den iasachtú de réir an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is é a bhí i gceist leis aon trian ar a laghad den iasachtú ar fad ag deireadh 2018 ([102]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur éiligh Páirtí Cumannach na Síne 'go dtreorófaí ráta úis mhargadh na n-iasachtaí síos' ([103]). De thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.

(165) Mar gheall ar an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín, léirítear go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh na héifeachtúlacht a bhaineann le leithdháileadh caipitil gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud a mbeifí ag súil leis i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá thoradh sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, sin nó trí úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh an fhadhb fhoriomlán fiachais bainte ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

(166) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart atá déanta chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleatach leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, de thoradh na hidirghabhála substaintiúla rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

(167) Níor tíolacadh aon fhianaise san imscrúdú seo lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, de thoradh na hidirghabhála substaintiúla rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

3.2.1.4. Cineál sistéamach an tsaofa

(168) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a shonraítear thuas agus i gCuid I den Tuarascáil nuashonraithe ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh an méid sin maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil.

(169) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go dtagann na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) faoi lé an tsaofa shistéamaigh chéanna arna lua roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir saobhadh. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. De bhreis air sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus i ngach earnáil. Tugadh tuairisc mhionsonraithe thuas ar an saobhadh sin. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála atá mar bhonn taca leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí sraithadhmaid crua-adhmaid faoi réir na rialacha sin cosúil le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.

(170) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a shonraítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil.

(171) Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, gur táirgeadh ionchur sa tSín trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile agus go bhfuil an t-ionchur sin neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá maidir le hionchur leis an ionchur agus mar sin de.

([102]) ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras. lch. 29, féach: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 31 Eanáir 2025).

([103]) Féach ag: http://www.gov.cn/xinwen/2020-04/20/content_5504241.htm (arna rochtain an 31 Eanáir 2025).

(172) Níor thug Rialtas na Síne aon fhianaise ná argóint ina choinne sin san imscrúdú atá ann faoi láthair.

3.2.1.5. Argóintí ó na páirtithe leasmhara

(173) An 25 Samhain 2024, chuir an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid barúlacha isteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, agus d'áitigh sé nach bhfuil anailís an ghearánaigh ar shaobhadh mór san earnáil sraithadhmaid crua-adhmaid sa tSín ag brath ar fhianaise atá sonrach go leordhóthanach. Go háirithe, dar leis an gComhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid, *(i)* ní bhaineann na tagairtí do chonclúidí an Choimisiúin i ndáil le sraithadhmad okoumé le hábhar i bhfianaise an fhorluí amhrasaigh idir an fhine thrópaiceach de speicis adhmaid lena mbaineann sraithadhmad okoumé agus speicis adhmaid an táirge lena mbaineann; *(ii)* bhí an gearánach ag brath ar shaobhadh mór ar bhealach róghinearálta, mar shampla, agus tagairt á déanamh do Arser mar fhiontar faoi úinéireacht stáit, cé go bhfuil níos lú ná 1 % den acmhainneacht táirgeachta iarbhír iomlán ag an gcuideachta sin laistigh d'earnáil, atá ilroinnte go deimhin den chuid is mó agus nach bhfuil á rialú ag an stát; *(iii)* níl sé soiléir conas a bhaineann an 14ú Plean Foraoise Cúig Bliana go sonrach le sraithadhmad crua-adhmaid, go háirithe i bhfianaise fhócas an Phlean ar chuspóirí a shaothraíonn an tAontas freisin, amhail teicneolaíocht coigilte fuinnimh agus táirgthe ghlain; *(iv)* níl sé soiléir conas a bhaineann beartais na Síne dá ndearna an gearánach tagairt agus a bhfuil sé d'aidhm acu aghaidh a thabhairt ar an soláthar adhmaid neamhleor leis an saobhadh líomhnaithe.

(174) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis sin. Maidir le hargóint ghinearálta na Comhghuaillíochta um Leas Trádála Sraithadhmaid maidir le leordhóthanacht na fianaise chun a léiriú gur ann do shaobhadh mór, mheabhraigh an Coimisiún, de réir Airteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán, má mheasann an Coimisiún gur leordhóthanach an fhianaise a chuir na gearánaigh isteach maidir leis an saobhadh mór, go bhféadfaidh sé imscrúdú a thionscnamh ar an mbonn sin. Mar a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta in *Viraj Profiles*, tá cainníocht agus cáilíocht na fianaise is gá chun na critéir maidir le leordhóthanacht na fianaise a chomhlíonadh chun imscrúdú a thionscnamh éagsúil leis an bhfianaise is gá chun réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le dumpáil, díobháil nó nasc cúisíoch a bheith ann ([104]).

(175) Dá réir sin, tá tagairt an ghearánaigh do shamplaí de shaobhadh mór, cibé acu a bhaineann siad le láithreacht fiontar faoi úinéireacht stáit in earnáil an táirge lena mbaineann (amhail Arser nó beartais rialtais a bheith ann a bhfuil éifeachtaí saofa acu ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh (amhail doiciméid pleanála tionsclaíche agus beartais a bhfuil tionchar díreach acu ar phraghsanna allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin)), mar aon le spleáchas an ghearánaigh ar an bhfianaise ábhartha atá ar fáil go poiblí, mar a liostaítear san fhógra tionscnaimh freisin, i gcomhréir leis na caighdeáin dhlíthiúla is infheidhme ag an gcéim sin den imscrúdú. Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire maidir le tagairtí na Comhghuaillíochta um Leas Trádála Sraithadhmaid do dhlínsí eile a líomhnaítear go bhfuil spriocanna beartais áirithe á saothrú acu atá comhchosúil le spriocanna beartais Rialtas na Síne nó maíomh na Comhghuaillíochta um Leas Trádála Sraithadhmaid gur ann do shaobhadh i ndlínsí eile freisin, nach bhfuil aon ábharthacht acu i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na fianaise tráth an tionscnaimh.

(176) Chomhlíon an gearán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán, i gcomhar le hAirteagal 2(6a)(d). Go deimhin, mar a tugadh le fios san fhógra tionscnaimh, mheas an Coimisiún gur leor an fhianaise a bhí ann de bhun Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán a léiríonn nach iomchuí na praghsanna agus na costais intíre sa tSín a úsáid i ngeall ar shaobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais, agus, ó tharla sin amhlaidh, go n-éilítear imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(177) Chuaigh an Coimisiún ar aghaidh le himscrúdú a dhéanamh ar shaobhadh den sórt sin i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo. Chun é sin a dhéanamh, bhailigh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán, na sonraí is gá chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach agus a thionchar agus an úsáid a bhaintear as an modheolaíocht a fhorordaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán ina dhiaidh sin. Cuirtear na sonraí a bhailigh an Coimisiún agus na conclúidí a eascraíonn astu i láthair go mionsonraithe i roinn 3.2.1 den Rialachán seo. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir glacadh le hargóintí na Comhghuaillíochta um Leas Trádála Sraithadhmaid maidir leis an bhfianaise atá sa ghearán.

([104]) Breithiúnas an 11 Iúil 2017, Viraj Profiles v an Chomhairle, T-67/14, AE:T:2017:481, aithris 98.

(178) An 20 Márta 2025, chuir Jiangshan Wood barúlacha isteach maidir leis an Dara Nóta, agus d'áitigh sé go ndéanann an gearánach mífhaisnéis ar thionscal na Síne trína rá go bhfuil onnmhaireoirí sraithadhmaid crua-adhmaid na Síne i measc na dtáirgeoirí is mó ar domhan agus go bhfuil an chuid is mó díobh faoi úinéireacht stáit. De réir Jiangshan Wood, tá sé seo iomrallach toisc go bhfuil go leor táirgeoirí beaga i dtionscal na Síne, FBManna go bunúsach. Thairis sin, chuir Jiangshan Wood in iúl gur trádálaithe iad cuideachtaí áirithe (SUMEC, Arser) go deimhin, a shainaithin an gearánach mar tháirgeoirí.

(179) Thug an Coimisiún aighneacht Jiangshan Wood dá aire. Mar sin féin, ní fhéadfaidh na saincheisteanna a chuir an chuideachta in iúl cinntí an Choimisiúin maidir le saobhadh mór a bheith ann a athrú. Is amhlaidh atá toisc nach bhfuil na cinntí sin bunaithe ar an bhfaisnéis atá sa ghearán ach ar an gcorpas iomlán fianaise atá ar comhad. Leagtar amach an fhianaise ábhartha a thacaíonn le torthaí an Choimisiúin go mionsonraithe i roinn 3.2.1.3, lena n-áirítear soiléirithe áirithe maidir le cuid de na hoibreoirí margaidh dá dtagraíonn an gearánach.

3.2.1.6. Conclúid

(180) I bhfianaise an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a shuí go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a thugtar tuairisc air sa roinn seo a leanas.

3.2.2. *Tír ionadaíoch*

3.2.2.1. Barúlacha ginearálta

(181) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([105]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(182) Mar a mhínítear i roinn 3.1, d'eisigh an Coimisiún dhá nóta le haghaidh an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh: an chéad nóta faoi thosca táirgeachta an 19 Nollaig 2024 agus an dara nóta faoi na tosca táirgeachta an 11 Márta 2025. Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara nóta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Tuirc a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

([105]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, (https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income).

Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín ina dtáirgtear sraithadhmad crua-adhmaid

(183) Sa chéad nóta, shainaithin an Coimisiún gur tíortha iad an Bhealarúis, an Bhrasaíl, an Eacuadór, an Indinéis, an Mhalaeisia, Meicsiceo, an Rúis, an Téalainn, an Tuirc agus an Úcráin inar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche agus atá sa tSín de réir an Bhainc Dhomhanda i.e. aicmíonn an Banc Domhanda mar thíortha 'ard-mheánioncaim' iad ar bhonn ollioncam náisiúnta, agus gurb eol go dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú iontu.

(184) Mheas an Coimisiún nach tíortha ionadaíocha iomchuí iad an Bhealarúis, an Rúis agus an Úcráin toisc gur fhorchuir an tAontas pacáistí smachtbhannaí comhleanúnacha ar an mBealarúis agus ar an Rúis mar gheall ar fhogha míleata na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Áiríodh leis na bearta sriantacha sin maidir leis an mBealarúis srianta ar onnmhairiú táirgí adhmaid lena n-áirítear an táirge atá faoi imscrúdú ón Aontas go dtí an Bhealarúis ([106]). Maidir leis an Rúis, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil allmhairí sraithadhmaid beithe faoi réir dleachtanna frithdhumpála ó bhí 2021 ann ([107]). Ina theannta sin, tá allmhairí táirgí isteach san Aontas ón Rúis a thagann faoi Chaibidil 44 (lena n-áirítear sraithadhmad agus veinír, arb iad na príomh-amhábhair iad chun sraithadhmad a tháirgeadh) faoi réir srianta ó bhí an 10 Iúil 2022 ann ([108]). Cé is moite den fhíoras go raibh tionchar mór ag an gcoinbhleacht leanúnach leis an Rúis ar an staid san Úcráin, de réir an ghearánaigh, tháirg an Úcráin sraithadhmad crua-adhmaid de speicis beithe go príomha, ach cuimsíonn sainmhíniú an táirge speicis chrua-adhmaid éagsúla eile ([109]).

(185) Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh táirgeadh speiceas bogadhmaid den chuid is mó ag Eacuadór agus Meicsiceo i measc na dtíortha ionadaíocha féideartha. Dá bhrí sin, ba iad na tíortha ionadaíocha féideartha fós an Bhrasaíl, an Indinéis, an Mhalaeisia, an Téalainn agus an Tuirc.

Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch

(186) Ina dhiaidh sin, d'fhéach an Coimisiún an raibh sonraí ar fáil go héasca sna tíortha a shainaithnítear thuas. Thug sé dá aire ar dtús, maidir leis an Indinéis, nach raibh aon sonra ar fáil go héasca in m^3, arb é sin an t-aonad tomhais a úsáideann tionscal an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne araon, maidir le hallmhairí tosca táirgeachta san Indinéis. Ina theannta sin, táirgeadh an chuid is mó de tháirgeadh sraithadhmaid crua-adhmaid san Indinéis ó speicis adhmaid thrópaicigh (agus ní ó phoibleog ná beith, a raibh an ionadaíocht is coitianta acu sa tSín agus san Aontas). Freisin, cé go raibh staitisticí ar fáil don Bhrasaíl agus don Téalainn, d'allmhairigh an dá thír méideanna móra veiníre ón tSín. Cosúil leis an Indinéis, táirgeadh an chuid is mó de tháirgeadh sraithadhmaid crua-adhmaid sa Mhalaeisia ó speicis adhmaid thrópaicigh (agus ní ó phoibleog agus beith, a raibh an ionadaíocht is coitianta acu sa tSín agus san Aontas) agus ní raibh aon sonraí allmhairiúcháin ann maidir le lomáin phoibleoige.

(187) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh í an Tuirc an t-aon tír amháin a raibh táirgeadh mór sraithadhmaid crua-adhmaid den speiceas céanna adhmaid (poibleog, beith, agus eocalaip) aici a táirgeadh sa tSín, agus a allmhairíodh, an tráth céanna, isteach san Aontas ón tSín den chuid is mó. Thug an Coimisiún dá aire freisin gurbh í an Tuirc an t-aon tír a raibh sonraí maidir le hallmhairí na dtosca táirgeachta is tábhachtaí sna staitisticí, d'ainneoin easpa sonraí allmhairiúcháin iontaofa maidir le veinír agus lomáin eocalaipe.

(188) Shainaithin an Coimisiún cúig tháirgeoir sa Tuirc a bhfuil faisnéis airgeadais ar fáil go poiblí acu: Isik Ahsap Profil Lojistik Sanayi Ve Ticaret Anonim Sirketi, Epalsan Orman Urunleri Nakliye Sanayi Ve Ticaret Limited Sirketi, Sakarya Kerestecilik Sanayi Ve Ticaret Anonim Sirketi, Murat Sahin Orman Urunleri Insaat Mimarlik Nakliyat Sanayi Ve Ticaret Limited Sirketi, agus AGL Ahsap Sanayi Anonim Sirketi.

(189) Iarradh ar pháirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le hoiriúnacht na Tuirce mar thír ionadaíoch agus maidir leis na cuideachtaí thuasluaite mar tháirgeoirí sa tír ionadaíoch.

([106]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise i bhfogha na Rúise faoin Úcráin; IO L 134, 20.5.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/765/oj).

([107]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1930.

([108]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj.

([109]) Leagan oscailte den ghearán, aithris (115).

(190) Fuair an Coimisiún barúlacha ón táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, Jiangshan Wood. Ina bharúlacha tar éis an Chéad Nóta, mheas Jiangshan Wood nár cheart don Choimisiún an Indinéis a chaitheamh i leataobh ar an bhforas gur tuairiscíodh sonraí allmhairiúcháin i staitisticí de réir meáchain (kg) agus ní de réir m^3, toisc go bhféadfaí an meáchan a thiontú ina m^3 bunaithe ar na cóimheasa tiontaithe a sholáthair Jiangshan Wood. D'áitigh Jiangshan Wood gurbh í an Indinéis an tír ionadaíoch is iomchuí toisc go raibh allmhairí na dtosca táirgeachta tábhachtacha uile sna sonraí staidrimh, ar phraghsanna i gcomhréir le praghsanna an mhargaidh. Ina theannta sin, dhírigh sé aird ar chuideachtaí san Indinéis a bhfuil faisnéis atá ar fáil go héasca acu.

(191) Thairis sin, d'áitigh Jiangshan Wood nárbh í an Tuirc an tír ionadaíoch is oiriúnaí don chuid is mó de na tosca táirgeachta toisc nach raibh aon sonra sna staitisticí, agus toisc go raibh an luach a tuairiscíodh in Eurostat le haghaidh lomáin poibleoige ró-ard agus nár chomhfhreagair sé don mhargadhluach.

(192) Mheas an Coimisiún, cé go bhféadfaí fachtóir coinbhéartachta a úsáid i gcás roinnt tosca táirgeachta, amhail cineálacha sonracha lomán, i gcás roinnt tosca eile, amhail veinír, go gcumhdaítear roinnt speiceas adhmaid leis an gcód CC, agus go mbeadh tiontú claonta toisc go n-athraíonn an fachtóir coinbhéartachta go mór de réir an adhmaid a úsáidtear don veinír. Ina theannta sin, tagann an sraithadhmad crua-adhmaid a tháirgtear san Indinéis go príomha ó speicis adhmaid thrópaicigh amhail téac, mearaintí, nó albizia Molacaíoch ([110]) agus is iad na speicis adhmaid is mó ionadaíocht a úsáidtear chun an táirge lena mbaineann a allmhairítear ón tSín chuig an Aontas a tháirgeadh ná poibleog, beith agus eocalaip. Thairis sin, bhí cainníochtaí na dtosca táirgeachta éagsúla a allmhairíodh isteach san Indinéis le linn na tréimhse imscrúdúcháin réasúnta íseal.

(193) Ar an taobh eile, bhí táirgeadh suntasach sraithadhmaid crua-adhmaid ag an Tuirc le linn na tréimhse imscrúdúcháin ina n-úsáidtear speicis amhail poibleog, beith agus feá den chuid is mó. Luaitear in Athbhreithniú Bliantúil 2021 ar Mhargadh Táirgí Foraoise na Tuirce gurbh é 300 000 m^3 táirgeadh sraithadhmaid in 2020 agus tuaradh an méid céanna le haghaidh 2021 ([111]). Cé gur bhain na staitisticí le 2020 (agus an réamhaisnéis le 2021), glacadh leis gur tharla leibhéal comhchosúil táirgthe le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, choinnigh an Coimisiún roghnú na Tuirce ar bun mar an tír ionadaíoch agus diúltaíodh do na hargóintí a d'ardaigh Jiangshan Wood.

Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

(194) Tar éis a shuí gurb é an Tuirc an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.2.2. Conclúid

(195) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Tuirc na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.3. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(196) Sa Chéad Nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta, amhail ábhair, fuinneamh agus saothar, a úsáideann Jiangshan Wood chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Sa nóta sin, shainaithin an Coimisiún allmhairí isteach sna tíortha ionadaíocha féideartha maidir leis na príomhthosca táirgeachta agus thug sé dá aire go raibh sonraí sna sonraí maidir le hallmhairí isteach sa Tuirc maidir leis na tosca táirgeachta is tábhachtaí, d'ainneoin easpa sonraí allmhairiúcháin iontaofa maidir le leatháin le haghaidh veinírí le haghaidh sraithadhmaid agus lomáin eocalaipe. Dá bhrí sin, i dtéarmaí sonraí staidrimh maidir le hallmhairí tosca táirgeachta, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na sonraí is mionsonraithe ar fáil sa Tuirc. Ar an mbonn sin, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

([110]) https://megaplywoodindonesia.com/plywood-industry-tips/the-existence-of-indonesian-plywood-now-going-global/.
([111]) Athbhreithniú Bliantúil 2021 ar Mhargadh Táirgí Foraoise na Tuirce, ráiteas-margaidh-tíre-tuirc-2021.pdf.

(197) Ina dhiaidh sin, sa Dara Nóta, d'fhéach an Coimisiún a thuilleadh ar conas luach tagarmhairc a shuí le haghaidh na dtosca táirgeachta a shainaithnítear sa Chéad Nóta, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Forordaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán sonraí comhfhreagracha a úsáid i dtír ionadaíoch iomchuí '*ar an gcoinníoll go bhfuil na sonraí ábhartha ar fáil go héasca*.'

(198) Sa chás seo, cé go raibh sonraí sna staitisticí maidir le hallmhairí lomáin phoibleoige agus veiníre eocalaipe isteach sa Tuirc, níor allmhairíodh an dá phríomhthoisc táirgeachta sin chuig an Tuirc (ná chuig aon tír eile, lena n-áirítear na tíortha ionadaíocha féideartha eile) i gcainníochtaí ionadaíocha. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh praghsanna na n-allmhairí sin ionadaíoch do phraghsanna an mhargaidh.

(199) Chuardaigh an Coimisiún, dá bhrí sin, praghas tagarmhairc eile a bhí ionadaíoch ar phraghas margaidh. Shainaithin sé na honnmhaireoirí is mó ar fud an domhain de lomáin phoibleoige agus veinír eocalaipe. Ós rud é go raibh sonraí maidir le méideanna móra onnmhairí sna staitisticí maidir le honnmhairí ó na tíortha onnmhairiúcháin is mó den dá thoisc táirgeachta sin, mhol an Coimisiún, sa Dara Nóta, an praghas tagarmhairc le haghaidh lomáin phoibleoige agus veinír eocalaipe a bhunú ar an bpraghas onnmhairiúcháin ó na tíortha onnmhairiúcháin is mó: onnmhairí domhanda ón bhFrainc le haghaidh lomáin phoibleoige agus onnmhairí domhanda ón Úcráin le haghaidh veinír eocalaipe.

(200) Allmhairíodh an dá thoisc thábhachtacha eile táirgeachta, páipéar lannáin agus plúr, isteach sa tír ionadaíoch bheartaithe (an Tuirc) i gcainníochtaí móra agus, dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh praghsanna allmhairiúcháin páipéir lannáin agus plúir isteach sa Tuirc (gan allmhairí ón tSín agus ó thíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([112]) san áireamh) ionadaíoch ar phraghsanna an mhargaidh.

(201) Ina theannta sin, shonraigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé staitisticí na Tuirce chun costais neamhshaofa saothair ([113]) agus fuinnimh ([114]) a shuí.

(202) Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas freisin, mar gheall ar mheáchan diomaibhseach cuid de na tosca aonair táirgeachta sa chostas iomlán táirgthe, go ndearnadh na hítimí aonair diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi 'tomhaltáin'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí a n-úsáid aige.

3.2.3.1. Barúlacha maidir leis na foinsí chun na costais neamhshaofa a mholtar sa Dara Nóta a shuí

(203) Tar éis fhoilsiú an Dara Nóta, luaigh an gearánach a thacaíocht do rogha an Choimisiúin costas athsholáthair a shuí chun gnáthluachanna a ríomh trí mheánphraghas onnmhairí lomáin phoibleoige na Fraince a úsáid. Mheas sé go raibh meánphraghas onnmhairí lomáin phoibleoige na Fraince mar a shonraítear sa Dara Nóta (EUR 117/m^3) réasúnta.

(204) D'áitigh Jiangshan Wood freisin gur mhór aige cur chuige réasúnta an Choimisiúin maidir leis an tagarmharc le haghaidh lomáin phoibleoige. Luaigh sé, áfach, gur cur chuige níos réasúnta a bheadh ann na staitisticí allmhairiúcháin laistigh den Aontas a ghlacadh agus praghsanna i gcomhréir le praghsanna trádála idir Ceanada agus na Stáit Aontaithe.

(205) Chuir an Coimisiún na barúlacha san áireamh, ach d'áitigh sé go raibh meánphraghas onnmhairí lomáin phoibleoige na Fraince ionadaíoch ar phraghas an mhargaidh, mar an t-onnmhaireoir is mó ar fud an domhain. Rinne an Coimisiún, áfach, earráidí cléireachais a d'eascair as iontrálacha dúbailte a cheartú, agus thug sé an praghas tagarmhairc cothrom le dáta dá réir sin (féach roinn 3.2.3.2 Amhábhair).

([112]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj).

([113]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Labour-Cost-Statistics-2022-49571.

([114]) epdk.gov.tr => Press releases => roghnaigh Electricity Market board decisions.

(206) Maidir le veinír eocalaipe, d'áitigh an gearánach nár tháirg (nár fhás/bhain) an Úcráin crainn eocalaipe ar scála tráchtála, mar gheall ar dhálaí aeráide mí-oiriúnacha, agus, dá bhrí sin, gur dócha gur chomhfhreagraigh na méideanna móra onnmhairí ón Úcráin faoi chód CC 4408 90 do veinírí speiceas beithe agus feá, nó speiceas neamhbhuaircíneach eile, ach ní do veinírí eocalaipe. Mheas sé freisin nár léirigh meánphraghas na n-onnmhairí ón Úcráin (EUR 251.49/m³) praghsanna veinírí eocalaipe, a bhí i bhfad níos airde, agus, dá bhrí sin, go raibh an tagarmharc a bhí beartaithe ró-íseal. D'áitigh sé go raibh praghas tosaigh veiníre eocalaipe suas le trí huaire níos airde ná tagarmharc an Choimisiúin, agus gur cheart go mbeadh sé thart ar EUR 520/m³ ar an meán. Chun an praghasraon a léiriú, chuir an gearánach billí íogaire veiníre eocalaipe isteach de thionscnamh Uragua agus Pharagua, a mheas sé a bheith ar cheann de na foinsí veiníre eocalaipe is mó agus is aitheanta le haghaidh táirgeadh sraithadhmaid crua-adhmaid.

(207) Mar fhreagairt ar bharúlacha an ghearánaigh, d'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid go raibh an praghas tagarmhairc don veinír eocalaipe ró-ard. D'áitigh sé go bhféadfadh an Coimisiún praghas allmhairí lomán eocalaipe isteach san Aontas ón mBrasaíl a úsáid ina ionad sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh praghas tagarmhairc thart ar EUR 55/m³ ann, nó de rogha air sin, praghas allmhairiúcháin lomán eocalaipe isteach sa tSín ar leibhéal comhchosúil. Chuir sé sonraisc agus conarthaí lomán eocalaipe ó Uragua agus ón mBrasaíl isteach mar fhianaise bhreise.

(208) Thug an Coimisiún dá aire ar dtús gur cód ciseáin a bhí i gcód CC 4408 90, go deimhin, lenar áiríodh veinírí a bhí déanta as níos mó speiceas crua-adhmaid, agus ní hamháin as eocalaip. Ghlac sé freisin leis an mbarúil ón ngearánach, ós rud é nár fásadh eocalaip san Úcráin, gur dhócha go n-áireofaí speicis adhmaid eile seachas eocalaip leis na honnmhairí faoin gcód sin ón Úcráin.

(209) D'easaontaigh an Coimisiún, áfach, le maíomh na Comhghuaillíochta um Leas Trádála Sraithadhmaid go bhféadfadh praghas na veiníre eocalaipe a bheith bunaithe ar phraghas in aghaidh an kg d'allmhairí eocalaipe de lomáin isteach san Aontas nó chuig an tSín. Ní raibh na staitisticí maidir le hallmhairí na lomán eocalaipe ann ach in kg agus, dá bhrí sin, níorbh fhéidir é a úsáid go díreach chun praghas in aghaidh an m³ a shuí. Thairis sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a shuí go cruinn cad é tomhaltas na lomán eocalaipe in aghaidh an m³ veiníre, ós rud é go mbraitheann an cóimheas tomhaltais den chuid is mó ar cháilíocht na lomán agus ar an bpróiseas táirgthe. Ar deireadh, níor mhór aon phraghas tagarmhairc a bhaineann le lomáin eocalaipe a choigeartú chun breisluach an phróisis táirgthe a chur san áireamh chun veinír eocalaipe a tháirgeadh ó na lomáin. Ar na cúiseanna céanna atá thuas, i.e. ábharthacht cháilíocht na lomán agus an phróisis táirgthe, ní raibh an Coimisiún in ann an breisluach sin a ríomh go cruinn. Ar na cúiseanna sin, d'easaontaigh an Coimisiún gur cheart, sa chás sonrach seo, tagarmharc le haghaidh veinír eocalaipe a bhunú ar phraghas na lomán eocalaipe, ar ábhar ionchuir é agus ar táirge é atá éagsúil le veinír.

(210) Mheas an Coimisiún freisin, fiú dá roghnódh sé onnmhairí veiníre eocalaipe ó thír shonrach eile inar fásadh eocalaip, gur cód ciseáin fós é cód CC agus gur áiríodh leis gach cineál speicis crua-adhmaid, a bhféadfadh cuid acu a bheith i bhfad níos saoire ná eocalaip, cé go bhfuil roinnt speiceas eile i bhfad níos costasaí ná eocalaip (amhail speicis thrópaiceacha andúchasacha éagsúla a úsáidtear go heisiach mar veinírí tosaigh ardcháilíochta), lena n-áirítear le haghaidh onnmhairí ó Uragua agus Paragua ina bhfástar níos mó speiceas crua-adhmaid. Ós rud é nárbh fhéidir na praghsanna bunaithe ar shonraisc áirithe a mheas mar fhianaise ionadaíoch chun praghas an mhargaidh a shuí, chinn an Coimisiún gurbh iomchuí an praghas tagarmhairc a shuí bunaithe ar mheánphraghas onnmhairiúcháin (thart ar EUR 443/m³) ó na tíortha onnmhairiúcháin is mó faoi chód CC 4408 90 (lena n-áirítear eocalaip agus veinír speiceas atá cosúil le heocalaip), a bhí i gcomhréir le praghas na n-onnmhairí eocalaipe ó Pharagua agus Uragua, a chuir an gearánach isteach. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún an praghas tagarmhairc a oiriúnú dá réir.

(211) Maidir leis an tagarmharc le haghaidh plúir, mheas Jiangshan Wood go raibh margadh an phlúir sa Tuirc saofa agus, dá bhrí sin, nach raibh praghas na n-allmhairí ionadaíoch mar phraghas tagarmhairc. D'áitigh sé gur chuir an Tuirc sraith beart i bhfeidhm a shaobh an margadh: ó bhí mí na Bealtaine 2023 ann, taraif 130 % ar allmhairí cruithneachta (agus 0 % má phróiseáiltear an chruithneacht allmhairithe ina plúr nó ina pasta a onnmhairítear), agus taraif 102.6 % ar allmhairí plúir cruithneachta. D'áitigh Jiangshan Wood gur ceapadh na taraifí chun allmhairí plúir a thoirmeasc agus chun próiseáil intíre cruithneachta allmhairithe saoire ina plúr lena honnmhairiú a chur chun cinn. Mhaígh sé freisin gur tháinig laghdú mór ar onnmhairí plúir ón Tuirc, rud a d'fhág go raibh praghsanna plúir sa Tuirc saofa agus boilscithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'áitigh Jiangshan Wood, ina theannta sin, gur fhorchuir an Tuirc roinnt srianta ar allmhairiú plúir, lena n-áirítear ceanglais maidir le ceadúnú agus iniúchadh allmhairiúcháin. Dá bhrí sin, d'áitigh Jiangshan Wood gur cheart don Choimisiún praghas neamhshaofa a úsáid le haghaidh plúir agus an gnáthluach á chinneadh aige a d'fhéadfadh a bheith ina phraghas allmhairiúcháin CAL (costas, árachas agus last-táille) na Tuirce, gan an cháin allmhairiúcháin 102.6 % a chur i bhfeidhm.

(212) D'áitigh Jiangshan Wood freisin go raibh plúr a úsáidtear le haghaidh táirgí bia, agus ní hamháin le haghaidh sraithadhmad crua-adhmaid, sa chód CC a d'úsáid an Coimisiún (CC 1101 00 00). D'áitigh sé gur cheart don Choimisiún, agus an praghas tagarmhairc le haghaidh plúir á chinneadh aige, cód CC 1101 00 15 (Cód CC le haghaidh cruithneachta nó plúr maslín cruithneachta boige agus speilt) a úsáid ina ionad sin.

(213) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint nár cheart dó an dleacht allmhairiúcháin a mheas mar gheall ar an saobhadh líomhnaithe ar mhargadh na Tuirce. Bhí na cainníochtaí plúir a allmhairíodh chuig an Tuirc mór agus, mar sin, bhí éileamh ar phlúr ar phraghsanna a raibh na dleachtanna allmhairiúcháin san áireamh leo. Dá bhrí sin, measadh go raibh a phraghas ionadaíoch ar phraghas margaidh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh nach tagarmharc ionadaíoch a bhí i bpraghas an phlúir agus choinnigh sé a chur chuige ar bun mar a mhínítear thuas. Ghlac an Coimisiún, áfach, le hargóint Jiangshan Wood cód CC 1101 00 15 a úsáid chun an praghas a shuí, in ionad an chóid ghinearálta le haghaidh plúir (CC 1101 00 00).

(214) D'áitigh Jiangshan Wood freisin go raibh an tagarmharc le haghaidh saothair agus leictreachais boilscithe gan ghá ós rud é gur thiontaigh an Coimisiún, ar an gcéad dul síos, Lira na Tuirce ('TRY') go EUR agus ansin EUR go Yuan na Síne ('CNY') agus, dá bhrí sin, go raibh tionchar ag luaineachtaí ráta malairte déthaobhacha TRY go EUR air. D'áitigh sé gur cheart don Choimisiún TRY a thiontú go CNY go díreach trí úsáid a bhaint as an meánráta malairte 0.22211, arna fhoilsiú ag https://www.xe.com/.

(215) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Go deimhin, d'fhéadfadh rátaí malairte arna bhfoilsiú ag foinsí eile amhail an ceann a luaigh Jiangshan Wood a bheith éagsúil leis na rátaí malairte a úsáideann an Coimisiún chun an praghas tagarmhairc a shuí. Mar sin féin, bhí an Coimisiún ag brath, i gcomhréir lena chleachtas, ar na rátaí malairte oifigiúla a d'fhoilsigh an Banc Ceannais Eorpach, arbh iad na rátaí malairte oifigiúla le linn na tréimhse imscrúdúcháin iad. Leis na rátaí malairte a fhoilsíonn an Banc Ceannais Eorpach, tá an Coimisiún in ann comhshó díreach ó TRY go EUR a chinneadh (agus an ráta malairte 0.2434 á úsáid sa chás sonrach seo). Bíonn an praghas tagarmhairc céanna in CNY mar thoradh ar an bpraghas tagarmhairc a chinntear bunaithe ar an gcomhshó agus a chinneann an Coimisiún. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

3.2.3.2. Tosca táirgeachta

(216) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta an táirge faoi imscrúdú

Toisc tháirgeachta	Cód CC	Foinse	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais
Amhábhair				
Spreota poibleoige	4403 97	Atlas Trádála Domhanda ('GTA') ([1])	CNY 1 003,09	m^3
Veinír eocalaipe	4408 90	GTA	CNY 4 232,09	m^3
Páipéar lannáin	4811 49	GTA	25,38 CNY	kg
Plúr	1101 00 15	GTA	5,31 CNY	kg
Tomhaltáin				
Saothar				
	neamhbhaint-each	Staitisticí náisiúnta	43,76 CNY	uair an chloig
Fuinneamh				
Leictreachas	neamhbhaint-each	Údarás Rialála Margaidh Fuinnimh na Tuirce	0,77 CNY	kWh

([1]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm.

(217) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, shloinn an Coimisiún an forchostas monaraíochta arna thabhú ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar úsáidte agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an forchostas monaraíochta neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe sin, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na forchostais thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar fhorchostais mhonaraíochta neamhshaofa nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.2.3.3. Amhábhair

(218) Chun praghas neamhshaofa dhá phríomh-amhábhar, lomán poibleoige agus veinír eocalaipe, a shuí, d'úsáid an Coimisiún meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe na n-onnmhaireoirí is mó de na hábhair sin ar fud an domhain — an Fhrainc i gcás lomáin phoibleoige agus meán na bpríomhthíortha onnmhairiúcháin i gcás veinír eocalaipe ([115]). Bhí praghsanna onnmhairiúcháin ar leibhéal Costais, Árachais agus Last-táille ('CAL'), lenar chuir an Coimisiún dleachtanna allmhairiúcháin 4.1 % i gcás lomáin phoibleoge agus 2.5 % i gcás veinír eocalaipe, a measadh a bheith réasúnta, agus i gcomhréir le meándleachtanna allmhairiúcháin arna dtobhach ag na deich dtír allmhairiúcháin is mó lenar cumhdaíodh idir 84 % agus 99 % d'allmhairí domhanda na dtáirgí adhmaid sin.

([115]) Eisiadh onnmhairí chuig an tSín.

(219) Maidir leis an dá amhábhar eile atá fágtha, páipéar lannáin agus plúr, shuigh an Coimisiún an tagarmharc bunaithe ar an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch, mar a tuairiscíodh in Atlas Trádála Domhanda, ar cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ([116]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i roinn 3.2.1.5 thuas nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

(220) I gcás roinnt de na tosca táirgeachta, bhí sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána sa tréimhse imscrúdúcháin i gceist leis na costais iarbhír arna dtabhú ag na táirgeoirí allmhairiúcháin comhoibríocha. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáideadh dóibh siúd ar na ríomhanna maidir leis an gcorrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin. Chuir an Coimisiún in iúl gur ríomh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus gur chuir sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na praghsanna neamhshaofa arna suí á n-úsáid aige.

(221) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, dá bhforáiltear sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na dleachtanna allmhairiúcháin ábhartha le luach CAL a taifeadadh i staidrimh allmhairiúcháin na tíre ionadaíche, mar atá fáil orthu in Atlas Trádála Domhanda.

(222) An costas iompair arna thabhú ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.2.3.4. Saothar

(223) Foilsíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha difriúla de gheilleagar na Tuirce ([117]). D'úsáid an Coimisiún an staidreamh is déanaí a bhí ar fáil lena gcumhdaítear 2022 le haghaidh meánchostas saothair do ghníomhaíocht eacnamaíoch C.16 Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú earraí tuí agus ábhar trilseach) de réir aicmiú NACE Rev.2. Coigeartaíodh meánluach míosúil 2022 go cuí de réir boilsciú trí úsáid a bhaint as an innéacs costais saothair mar a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce chun oiriúnú don tréimhse imscrúdúcháin (an 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024) ([118]).

3.2.3.5. Leictreachas

(224) D'úsáid an Coimisiún na staitisticí maidir le praghsanna leictreachais arna bhfoilsiú ag an Údarás Rialála Margaidh Fuinnimh ina phreaseisiúintí rialta. D'úsáid an Coimisiún sonraí na bpraghsanna leictreachais thionsclaíoch in kWh le haghaidh na hearnála tionsclaíche lenar cumhdaíodh an tréimhse imscrúdúcháin (an 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024) ([119]).

([116]) Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.
([117]) http://www.turkstat.gov.tr => Preaseisiúintí => roghnaigh Staidreamh maidir le Costas Saothair.
([118]) TurkStat, Innéacsanna Ionchuir Saothair, Ráithe IV: Deireadh Fómhair go Nollaig, 2024 (https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Labour-Input-Indices-Quarter-IV:-October-December,-2024-53685).
([119]) epdk.gov.tr => Press releases => roghnaigh Electricity Market board decisions.

3.2.3.6. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímheas

(225) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(226) Agus tagarmharcanna á suí le haghaidh SGA agus brabúis, mhol an Coimisiún ar dtús úsáid a bhaint as sonraí airgeadais cúig chuideachta Thurcacha, a bhí ar fáil i mbunachar sonraí ORBIS ar feadh tréimhse roimh an tréimhse imscrúdúcháin.

(227) D'áitigh Jiangshan Wood agus an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid araon nár tháirg an chuideachta Thurcach Isik Ahsap Profil Lojistik Sanayi Ve Ticaret Anonim Sirketi ('Isik') sraithadhmad ach táirgí adhmaid eile amhail painéil bhalla, urláir déanta as SMD, slischláir nó cláir cháithníneacha agus, dá bhrí sin, gur cheart a chuid sonraí a eisiamh ó na ríomhanna.

(228) D'áitigh Jiangshan Wood freisin, maidir le costais SGA Murat Sahin Orman Urunleri Insaat Mimarlik Nakliyat Sanayi Ve Ticaret Limited Sirketi (arb é Tokpan a thrádainm) mar aon le Isik, nach mór don Choimisiún méid le haghaidh costais díola dhírigh a asbhaint ó na costais SGA. D'úsáid an Coimisiún na costais SGA agus sonraí brabúis ó staitisticí na Tuirce ar deireadh toisc nach raibh sonraí airgeadais na gcúig chuideachta Thurcacha a bhí ar fáil i mbunachar sonraí ORBIS ag forluí ar an tréimhse imscrúdúcháin agus nach raibh aon nuashonrú le déanaí ar na sonraí sin ar fáil in ORBIS. Dá réir sin, chinn an Coimisiún úsáid a bhaint as sonraí rialtas na Tuirce maidir le meánchostais oibriúcháin agus brabús oibriúcháin na gcuideachtaí a d'fhoilsigh Banc Ceannais na Tuirce maidir le torthaí airgeadais na 3 121 chuideachta atá gníomhach i monarú táirgí adhmaid, coirc, tuí agus ábhar fite (NACE — C-162), a mheas sé a bheith oifigiúil agus iontaofa. Dá bhrí sin, níor ghá don Choimisiún aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar bharúlacha Jiangshan Wood agus an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid maidir le sonraí airgeadais na gcúig tháirgeoir de chuid na Tuirce.

(229) Ar an mbonn sin, ba é 16,1 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 8,4 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.

3.2.3.7. Ríomh

(230) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(231) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin a sholáthair an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch le linn an fhíoraithe. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a shonraítear sa roinn seo.

(232) Nuair a suíodh na costais mhonaraíochta neamhshaofa, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta agus an dímheas i bhfeidhm ar na costais neamhshaofa, chun teacht ar na costais táirgthe neamhshaofa.

(233) Maidir leis na costais táirgthe a suíodh mar a shonraítear san aithris roimhe seo, chuir an Coimisiún an SGA ([120]) agus an brabús ([121]) a suíodh mar a shonraítear thuas i bhfeidhm.

(234) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

([120]) Rinneadh meastachán ar SGA bunaithe ar ráitis airgeadais ceann de na trádálaithe neamhchomhlachaithe sa tSín.
([121]) Bhí an brabús bunaithe ar mheánbhrabús na dtrí allmhaireoir chomhoibríocha san Aontas.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(235) D'onnmhairigh Jiangshan Wood chuig an Aontas trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe sa tSín. Dá bhrí sin, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas iarbhír a d'íoc an chéad chustaiméir neamhchomhlachaithe (trádálaí intíre) nó a bhí iníoctha aige le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.4. **Comparáid**

(236) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin Jiangshan Wood ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, ní dhearnadh aon choigeartú ar an ngnáthluach díreach ón monarcha ná ar an bpraghas onnmhairiúcháin díreach ón monarcha, mar a thuairiscigh Jiangshan Wood.

(237) Mar sin féin, bhí an luach CAL a suíodh lena úsáid mar ainmneoir le haghaidh na ríomhanna dumpála bunaithe ar phraghas díreach ón monarcha Jiangshan Wood lenar chuir an Coimisiún costais mhuirlasta, mar aon le costais SGA agus brabús trádálaí neamhchomhlachaithe. Chun na coigeartuithe sin a shuí chun teacht ón bpraghas díreach ón monarcha go dtí an luach CAL, bhí an Coimisiún ag brath ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí (Innéacs Coimeádán Domhanda Drewry) i gcás muirlasta ([122]), agus ar thuarascáil airgeadais ceann de na trádálaithe neamhchomhlachaithe a sholáthair Jiangshan Wood. D'iarr an Coimisiún ar thrádálaithe neamhchomhlachaithe Jiangshan Wood oibriú i gcomhar chun a sonraí iarbhír maidir le costais muirlasta, costais SGA agus brabús a sholáthar. Ós rud é go bhfuair an Coimisiún freagra ó na trádálaithe atá ródhéanach le cur san áireamh le haghaidh na dtorthaí sealadacha, d'fhéadfadh athrú teacht ar leibhéal na gcoigeartuithe sin ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

3.4.1. *Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach*

(238) Suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí chostais táirgthe a úsáid mar aon le méideanna do SGA agus brabús, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le haon choigeartú chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

(239) Ní bhfuair an Coimisiún aon chúis le haon lamháltas a dhéanamh i leith an ghnáthluacha, ná níor éiligh an táirgeoir onnmhairiúcháin na lamháltais sin.

3.4.2. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(240) Ós rud é gur dhíol Jiangshan Wood ar leibhéal trádála díreach ón monarcha, ní dhearnadh aon choigeartú ar an bpraghas onnmhairiúcháin.

3.5. **Corrlach dumpála**

(241) Mar a mhínítear i roinn 1.5 den Rialachán, chinn an Coimisiún Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm chun dumpáil a chinneadh, i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 17(4) den bhun-Rialachán, agus scrúdú aonair a dheonú do Pizhou Jianghsan Wood Co., Ltd., mar an t-aon chuideachta a sholáthair freagairt chuí thráthúil ar an gceistneoir a d'fhéadfaí a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 16(1) den bhun-Rialachán.

(242) Chun an corrlaigh dhumpála le haghaidh Jianshang Wood a chinneadh, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán. Ar an mbonn sin, is é seo a leanas an meánchorrlach dumpála ualaithe sealadach arna shloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

([122]) Rinneadh meastachán ar mhuirlasta bunaithe ar Innéacs Coimeádán Domhanda Drewry, a ndeachthas i gcomhairle leis an 26 Márta 2025, (https://en.macromicro.me/collections/4356/freight/44756/drewry-world-container-index).

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Pizhou Jiangshan Wood Co., Ltd	25,1

(243) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

(244) Chuige sin, bhunaigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar chomparáid idir an meán-ghnáthluach ualaithe mar a suíodh le haghaidh Jiangshan Wood agus praghsanna onnmhairí mar a thuairiscítear in Eurostat. Dar leis an gCoimisiún, bhí na staitisticí onnmhairiúcháin sin ina n-athróg ionadach réasúnta le haghaidh iompraíocht dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha. Deimhníodh é sin trí anailís a dhéanamh ar na meánphraghsanna onnmhairiúcháin mar a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin a tháinig chun cinn sa chleachtadh samplála, a bhí sa raon céanna le sonraí Eurostat.

(245) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Pizhou Jiangshan Wood Co., Ltd	25,1
Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	62,4

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(246) Rinne 26 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(247) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag thart ar 1 664 963 mhéadar ciúbach (m^3) nó 1 082 031 thona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail an gearán agus an freagra ar an macraicheistneoir ó European Panel Federation, comhlachas tháirgeoirí sraithadhmaid crua-adhmaid an Aontais. Mar a shonraítear in aithris (27) den Rialachán, is ó thrí tháirgeoir sampláilte an Aontais a tháinig 28 % de tháirgeacht iomlán an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil.

4.2. Tomhaltas an Aontais

(248) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn dhíolacháin an Aontais agus na n-allmhairí ó na tíortha uile a tharla an bhliain sin bunaithe ar (a) shonraí a chuir an gearánach isteach maidir le díolacháin thionscal an Aontais den táirge comhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas, arna gcros-seiceáil leis na méideanna díolacháin a thuairiscigh táirgeoirí sampláilte an Aontais; agus (b) allmhairí an táirge faoi imscrúdú ó gach tríú tír mar a tuairiscíodh in Eurostat.

(249) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (m^3)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	3 737 311	3 411 779	2 536 966	2 600 550
Innéacs	*100*	*91*	*68*	*70*

Foinse: Gearán, tionscal an Aontais, Eurostat.

(250) Tháinig laghdú mór (-30 %) ar thomhaltas iomlán an Aontais den táirge faoi imscrúdú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Idir 2021 agus 2022, bhí an treocht anuas measartha. Bhí dlús faoin laghdú ar thomhaltas in 2023 ach tháinig téarnamh beag air le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chinn an Coimisiún go raibh an laghdú ar thomhaltas an Aontais mar thoradh ar roinnt tosca: forchur smachtbhannaí eacnamaíocha ar allmhairí táirgí adhmaid, lena n-áirítear an táirge faoi imscrúdú, de thionscnamh na Rúise agus na Bealarúise i mí Iúil 2022 de bharr chogadh foghach iomlán na Rúise in aghaidh na hÚcráine, stoc-charnadh ag allmhaireoirí i dtús na tréimhse faoi bhreathnú tar éis fhorchur na mbeart frithdhumpála ar allmhairí sraithadhmaid beithe de thionscnamh na Rúise in 2021, agus deireadh an téarnaimh eacnamaíoch a tháinig i ndiaidh phaindéim COVID-19. Mar thoradh ar smachtbhannaí eacnamaíocha a fhorchur, rinneadh 1.4 milliún m^3 de shraithadhmad crua-adhmaid de thionscnamh na Rúise ([123]) a eisiamh ó mhargadh an Aontais ([124]). Fuair an margadh suaitheadh soláthair agus chrap sé toisc nach bhféadfadh tionscal an Aontais ná tíortha táirgthe eile teacht in ionad shraithadhmad crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise go hiomlán. Sroicheann crainn beithe agus poibleoige an aois cheart le haghaidh lománaíochta tar éis 10 go 40 bliain. Dá bhrí sin, tógann sé cúpla bliain an méid crann atá beartaithe le haghaidh táirgeadh crua-adhmaid a mhéadú trí lomáin a aistriú ó tháirgeadh páipéir agus adhmaid go sraithadhmad (féach aithris (326)).

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(251) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn na comparáide idir an méid allmhairí agus tomhaltas an Aontais.

(252) Chinn an Coimisiún go raibh sonraí saofa sna staitisticí tuairiscithe ar leibhéal an aonaid fhorlíontaigh (m^3 sa chás seo). Chun críoch comparáide, chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, an meáchan tuairiscithe (tonaí), tacar sonraí níos iontaofa agus níos cobhsaí, a thiontú go m^3.

(253) Bhí an tiontú bunaithe ar dhlús na bpainéal, arna ríomh bunaithe ar mheáchan arna roinnt ar aonad forlíontach na bpainéal. Má bhí an dlús laistigh de raon dlúis réamhshainithe a sholáthraítear le haghaidh gach cóid CC, glacadh leis an aonad forlíontach tuairiscithe. Má bhí sé lasmuigh den raon, cuireadh meándlús an chóid CC sin in ionad an dlúis tuairiscithe.

([123]) http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj.
([124]) http://data.europa.eu/eli/reg/2006/765/oj.

(254) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Cainníocht na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht na n-allmhairí ón tír lena mbaineann (m^3)	683 984	900 104	750 083	794 899
Innéacs	*100*	*132*	*110*	*116*
An sciar den mhargadh (%)	18	26	30	31
Innéacs (2021=100 %)	*100*	*144*	*162*	*167*

Foinse: Eurostat.

(255) Tháinig méadú 16 % ar an iomlán ar allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Shroich siad a mbuaicphointe sa bhliain 2022 agus méadú 32 % orthu i gcomparáid leis an méid allmhairí in 2021. Tar éis laghdú ar an méid allmhairí in 2023, tháinig méadú arís ar an méid sraithadhmaid crua-adhmaid a allmhairíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(256) Ceann de na cúiseanna leis an méadú géar ar allmhairí ón tSín ba ea sraithadhmad crua-adhmaid de thionscnamh na Rúise agus na Bealarúise a ionadú i margadh an Aontais le sraithadhmad crua-adhmaid na Síne. Slógadh na stoic neamhshaothraithe de shraithadhmad crua-adhmaid a tógadh sa tSín mar thoradh ar mhoilliú thionscal tógála na Síne go tapa chun an bhearna a d'fhág sraithadhmad crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise i margadh an Aontais a líonadh, mar a mhínítear in aithris (250) thuas.

(257) Tháinig forbairt ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín ar mhargadh an Aontais i gcomhréir leis an aistriú sna sreabha trádála agus leis an laghdú ar thomhaltas ar a dtugtar tuairisc thuas. Sa chomhthéacs sin, mar thoradh ar an méadú ar allmhairí ón tSín, tháinig méadú 67 phointe céatadáin ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(258) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn staitisticí Eurostat EUR/m^3, mar a shonraítear in aithrisí (251) go (253).

(259) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/m^3)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
an tSín	373	529	438	418
Innéacs	*100*	*142*	*118*	*112*

Foinse: Eurostat.

(260) Tháinig méadú 42 % ar phraghas na n-allmhairí ón tSín den chéad uair idir 2021 agus 2022 mar gheall ar an méadú tobann ar an éileamh ar mhargadh an Aontais tar éis 1.4 milliún m^3 de shraithadhmad crua-adhmaid ón Rúis agus ón mBealarúis a eisiamh mar gheall ar na smachtbhannaí eacnamaíocha agus an téarnamh eacnamaíoch tar éis phaindéim COVID. Bhí an méadú sin de chineál sealadach, áfach: thit praghsanna siar go leibhéil a bhí an-chosúil le praghas 2021 in 2023 agus leis an tréimhse imscrúdúcháin.

(261) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a gearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir leibhéal díreach ón monarcha, agus na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ón táirgeoir comhoibríoch leis an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna mbunú ar bhonn CAL, agus coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(262) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé meánchorrlach sladghearrtha ualaithe 46,3 %.

(263) Thug an Coimisiún dá aire freisin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go raibh praghsanna allmhairiúcháin na Síne mar a thuairiscítear i dTábla 4 thuas níos ísle go comhsheasmhach ná meánphraghas díola aonaid thionscal an Aontais agus na meánchostais táirgthe aonaid mar a thuairiscítear thíos i dTábla 8.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(264) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(265) Mar a luaitear in aithris (27), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(266) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Is ar bhonn sonraí atá san fhreagra a thug an gearánach ar an gceistneoir a bhain le táirgeoirí uile an Aontais a rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha, agus rinne siad cros-seiceáil nuair ba ghá leis na freagraí ón gceistneoir ó na táirgeoirí ón Aontas a sampláladh. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(267) Is iad seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(268) Is iad seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna in aghaidh an aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(269) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht táirgeachta (m^3)	1 872 902	1 845 776	1 699 086	1 664 963
Innéacs	*100*	*99*	*91*	*89*
Acmhainneacht táirgeachta (m^3)	2 496 000	2 496 000	2 552 000	2 538 000
Innéacs	*100*	*100*	*101*	*102*
Úsáid acmhainneachta (%)	75	74	67	66
Innéacs	*100*	*99*	*90*	*87*

Foinse: Gearánach agus táirgeoirí ón Aontas a sampláladh.

(270) D'fhan méid táirgeachta 1 872 902 m^3 de thionscal an Aontais in 2021 cobhsaí den chuid is mó sa bhliain 2022 agus monaraíodh 1 845 776 m^3 sraithadhmad crua-adhmaid (-1 %). Mar sin féin, in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2021, tháinig meath géar 9 % agus 11 % ar tháirgeacht an Aontais, agus níor táirgeadh ach 1 664 963 m^3 ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024. Ní raibh tionscal an Aontais in ann tairbhiú d'eisiamh shraithadhmad crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise ar mhargadh an Aontais mar gheall ar na smachtbhannaí eacnamaíocha chun a mhéid táirgeachta a mhéadú. Os a choinne sin, cuireadh iallach air a tháirgeadh a laghdú ag tosú sa bhliain 2022 mar gheall ar an méadú ar allmhairí ón tSín (+32 % in 2022, +10 % in 2023 agus +16 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin) a díoladh ar phraghsanna dumpáilte. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú nach beag 11 % ar an méid iomlán táirgeachta i dtionscal an Aontais ina iomláine.

(271) Is léir ó fhorbairt na hacmhainneachta táirgeachta, ar tháinig méadú 2 % uirthi le linn na tréimhse faoi bhreathnú tar éis infheistíochtaí a rinne tionscal an Aontais, go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh ag tionscal an Aontais sraithadhmad crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise a eisiadh leis na smachtbhannaí ó mhargadh an Aontais a ionadú.

(272) Bhí úsáid acmhainneachta ag 75 % íseal cheana féin in 2021 nuair a bhí tionchar diúltach ag COVID ar an éileamh. In 2022, d'éirigh le tionscal an Aontais an leibhéal sin a choinneáil ar bun, ach thit sé 10 % in 2023 agus 13 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, i gcomparáid le leibhéal 2021.

4.4.2.2. Cainníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(273) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar chainníocht na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Cainníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (m^3)	1 355 645	1 294 971	1 167 185	1 190 402
Innéacs	*100*	*96*	*86*	*88*

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An sciar den mhargadh (%)	38	38	46	46
Innéacs	*100*	*105*	*127*	*126*

Foinse: An gearánach, táirgeoirí sampláilte ón Aontas agus Eurostat.

(274) Lean cainníocht na ndíolachán ar mhargadh an Aontais ag tionscal an Aontais treocht anuas idir 2021 agus 2023 sular tháinig méadú beag orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú nach beag 12 % ar an méid iomlán díolachán i dtionscal an Aontais ina iomláine.

(275) Tá díolacháin thionscal an Aontais atá ag meath i gcomhréir lena chainníocht táirgeachta atá ag meath.

(276) Ba é 38 % an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais in 2021, is é sin nuair a allmhairíodh sraithadhmad crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise isteach san Aontas fós. Tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, ba cheart breathnú ar an méadú sin i gcomhthéacs an laghdaithe mhóir fhoriomláin ar mhéid an mhargaidh (- 30 % mar gheall ar tháirgí shraithadhmad crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise a eisiamh ó mhargadh an Aontais, mar a mhínítear in aithris (250) thuas). Dá réir sin, d'ainneoin meath ar chainníocht díolachán thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'ardaigh a sciar den mhargadh go 46 % in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(277) Ba cheart breathnú ar an méadú 26 bpointe céatadáin ar an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais freisin i bhfianaise an mhéadaithe dhá thrian (67 %) ar an sciar den mhargadh atá ag táirgeoirí na Síne, méadú ó 18 % go 31 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar a léirítear in aithris (254).

4.4.2.3. Fás

(278) Cé gur tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, thóg an éabhlóid ar mhéid na táirgeachta agus na ndíolachán, i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon, treocht anuas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar a léirítear thíos in aithris (280), tháinig meath beag ar an bhfostaíocht freisin.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(279) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe (FTE)	11 308	11 367	11 179	11 101
Innéacs	*100*	*101*	*99*	*98*
Táirgiúlacht (m^3/fostaí)	166	162	152	150
Innéacs	*100*	*98*	*92*	*91*

Foinse: Gearánach agus táirgeoirí ón Aontas a sampláladh.

(280) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 2 % ar an leibhéal fostaíochta i dtionscal an Aontais. In 2022, tháinig méadú 1 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. In 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, áfach, tháinig laghdú 1 % agus 2 % ar an leibhéal fostaíochta, faoi seach.

(281) Bhí an leibhéal fostaíochta réasúnta cobhsaí idir 2021 agus deireadh na tréimhse imscrúdúcháin mar gheall ar an drogall a bhí ar thionscal an Aontais a lucht saothair ardoilte a laghdú. Mar a léirítear freisin in éabhlóid na hacmhainneachta táirgeachta, mar a leagtar amach in aithris (271), bhí tionscal an Aontais ar an eolas go bhfuil éileamh leanúnach ar a tháirge san Aontas, ach gur fhulaing sé brú praghsanna ó allmhairí ón tSín, mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe thíos in aithris (288), rud a chuir cosc air aschur agus díolacháin a ardú.

(282) Mar thoradh ar an laghdú ar tháirgeacht, mar a léirítear in aithris (270), agus ar an leibhéal fostaíochta réasúnta cobhsaí, mar a léirítear in aithris (280), tháinig laghdú 9 % ar tháirgiúlacht lucht saothair thionscal an Aontais, arna tomhas in m^3 a tháirgeann gach fostaí in aghaidh na bliana, le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(283) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil *de minimis*. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(284) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Forchuireadh bearta frithdhumpála idir 14.4 agus 15.8 % i mí na Samhna 2021 ar allmhairí sraithadhmaid beithe de thionscnamh na Rúise ([125]). Tagann sraithadhmad beithe faoin raon táirgí faoi imscrúdú.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(285) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/m^3)	726	1 084	1 112	1 023
Innéacs	*100*	*149*	*153*	*141*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/m^3)	685	976	1 078	1 074
Innéacs	*100*	*143*	*157*	*157*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(286) Tháinig méadú 41 % ar phraghsanna díola i margadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba é méadú mór ar chostais amhábhar, go háirithe lomáin, mar a mhínítear thíos in aithris (287), ba chúis leis an méadú sin. Bhí an méadú ar phraghsanna an Aontais in 2022 agus 2023 i bhfianaise an bhorrtha eacnamaíoch iar-COVID níos géire fós, ag 49 % agus 53 %, faoi seach. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 12 % ar phraghsanna díola i gcomparáid lena mbuaicphointe in 2023.

([125]) Féach fonóta 10.

(287) Tháinig méadú mór ar chostas aonaid táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig ardú 43 % air ar dtús in 2022 i gcomparáid le 2021 agus tháinig méadú breise air in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léiríonn méadú 57 % ar chostas an aonaid táirgthe i gcomparáid le 2021. Ba é príomhchúis an mhéadaithe costais treocht aníos i bpraghsanna lomán adhmaid, rud a mhéadaigh faoi dhó i gceantair áirithe den Aontas.

(288) In 2022, bhí tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a mhéadú go mór chun an méadú géar ar chostais aonaid a mheaitseáil. Mar sin féin, ó 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ní raibh tionscal an Aontais in ann an méadú breise ar chostais a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí trí phraghsanna a ardú dá réir mar gheall ar an mbrú praghsanna de bharr allmhairí ón tSín. Bhí ar thionscal an Aontais leibhéal praghsanna áirithe a choinneáil ar bun ionas nach gcaillfí leibhéal áirithe díolachán, rud a d'fhág, i bhfianaise an laghdaithe ar thomhaltas, go raibh tionscal an Aontais in ann a sciar den mhargadh ar mhargadh an Aontais a mhéadú, mar a mhínítear in aithris (257).

4.4.3.2. Costais saothair

(289) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR/FTE)	32 992	35 885	35 408	38 671
Innéacs	*100*	*109*	*107*	*117*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(290) Le linn na tréimhse lena mbaineann, tháinig ardú 17 % ar chostais saothair. Tháinig ardú 9 % ar chostais saothair ar dtús in 2022 sular tháinig laghdú beag orthu in 2023. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú arís ar an gcostas saothair mar iarmhairt ar athstruchtúrú roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais.

4.4.3.3. Fardail

(291) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Stoic

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoc deiridh (m^3)	32 504	47 952	42 609	40 504
Innéacs	*100*	*148*	*131*	*125*
Stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht	1,74 %	2,60 %	2,51 %	2,43 %

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(292) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 25 % ar na leibhéil stoic. In 2022, tháinig ardú géar 48 % ar stoic dheiridh nuair a rinne tionscal an Aontais iarracht cuid de shraithadhmad crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise a bhí eisiata a ionadú, ach rinneadh dochar dá iarrachtaí de bharr méadú ar allmhairí ar phraghas íseal ón tSín. Tháinig laghdú ar leibhéil fardail ina dhiaidh sin ach bhí siad fós i bhfad os cionn leibhéil stoic dheiridh 2021 in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(293) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	7	12	4	- 2
Innéacs	*100*	*187*	*57*	*- 37*
Sreabhadh airgid (EUR)	36 169 036	40 537 498	26 041 480	- 2 993 860
Innéacs	*100*	*112*	*72*	*- 8*
Infheistíochtaí (EUR)	22 388 097	21 166 045	14 321 929	15 499 246
Innéacs	*100*	*95*	*64*	*69*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	7	16	2	- 5
Innéacs	*100*	*217*	*32*	*- 62*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(294) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Mar thoradh ar an méadú 49 % ar phraghsanna díola an Aontais in 2022 mar aon le méadú 43 % ar an gcostas táirgthe, mar a mhínítear in aithrisí (285) go (288) thuas, bhí leibhéil bhrabúsachta níos airde ann sa bhliain sin. Bhí an méadú sin sealadach, áfach, toisc gur thit an bhrabúsacht ansin go leibhéal diúltach le linn na tréimhse imscrúdúcháin de réir mar a lean an costas táirgthe de bheith ag ardú (57 %) ach nárbh fhéidir é a mheaitseáil le méadú comhfhreagrach ar phraghsanna (41 %). Is é sin le rá, laghdaigh tionscal an Aontais a sciar den mhargadh go suntasach in 2023, agus thosaigh sé ag cailleadh airgid le linn na tréimhse imscrúdúcháin toisc nach raibh sé in ann a phraghsanna díola a mhéadú chun an costas táirgthe méadaithe a chumhdach. Léirigh an fhianaise, dá bhrí sin, gurb ann do shochtadh praghsanna in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin.

(295) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Lean an treocht i nglansreabhadh airgid treocht na brabúsachta lenar tháinig meath ar an staid tar éis 2022 ó staid dhearfach go staid dhiúltach sreabhaidh airgid.

(296) Tháinig laghdú 31 % ar infheistíochtaí thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is éard a bhí sna hinfheistíochtaí sin den chuid is mó nuachóiriú ar threalamh táirgthe tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(297) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig ardú géar air sa bhliain 2022, tar éis phaindéim COVID-19 nuair a bhí tionscal an Aontais in ann praghsanna a ardú, ach tháinig laghdú air in 2023 agus d'éirigh sé diúltach le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(298) I bhfianaise an mheatha ar tháscairí éagsúla amhail táirgeacht, díolacháin, brabúsacht agus toradh ar infheistíocht, tháinig meath freisin ar chumas tháirgeoirí sampláilte an Aontais caipiteal a thiomsú le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5. **Conclúid maidir le díobháil**

(299) Tháinig laghdú 30 % ar thomhaltas sraithadhmaid crua-adhmaid ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar iarmhairt ar thosca éagsúla, amhail na smachtbhannaí eacnamaíocha a forchuireadh ar allmhairí an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na Rúise agus na Bealarúise, scaoileadh allmhairí na Rúise chuig margadh an Aontais, ar allmhairí iad a stoc-charnadh in 2021 agus nár taifeadadh mar thomhaltas in 2022 agus sna blianta ina dhiaidh sin, agus deireadh an téarnaimh eacnamaíoch iar-COVID-19. Sa chomhthéacs sin, tháinig méadú mór ar chainníocht an tsraithadhmaid crua-adhmaid a allmhairíodh ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon.

(300) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig ardú 16 % ar chainníochtaí allmhairí ón tSín os cionn a leibhéil in 2021. Tháinig méadú ar a sciar den mhargadh ó 18 % in 2021 go 31 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin (+ 67 %). Tháinig méadú 42 % ar dtús ar phraghas na n-allmhairí ón tSín in 2022 i gcomparáid le 2021, sular tháinig laghdú leanúnach air ina dhiaidh sin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí praghas na n-allmhairí ón tSín 12 % os cionn leibhéal 2021, rud a bhí i gcodarsnacht ghéar le héabhlóid phraghas thionscal an Aontais nó praghsanna tríú tíortha eile san Aontas, a mhéadaigh go mór (+ 41 % agus + 34 %,faoi seach) le linn na tréimhse céanna.

(301) Tháinig meath ar fhormhór na macratháscairí agus na micreatháscairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú - 12 %, - 11 % agus - 13 % faoi seach ar chainníocht díolacháin, ar chainníocht táirgeachta agus ar úsáid acmhainneachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I gcomhthéacs tomhaltas laghdaitheach (-30 %), mhéadaigh tionscal an Aontais a sciar den mhargadh 8 bpointe céatadáin go 46 % toisc gur tháinig laghdú níos lú ar a dhíolacháin ná an laghdú ar thomhaltas. Ba cheart breathnú freisin ar an méadú ar an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais i gcomhthéacs allmhairí ón tSín, a mhéadaigh go mór a sciar den mhargadh i margadh an Aontais freisin. Thairis sin, tar éis an laghdaithe ar dhíolacháin tháirgeoirí de chuid an Aontais, tháinig méadú 25 % ar stoic, rud a raibh tionchar diúltach aige ar a sreabhadh airgid. Tháinig ardú beag 2 % ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú ach tháinig laghdú - 31 % ar infheistíochtaí an tráth céanna. Tháinig laghdú - 2 % ar an bhfostaíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(302) Cé gur tháinig méadú 41 % ar mheánphraghas díola an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú i bhfad níos mó (+ 57 %) ar chostais táirgthe aonaid le linn na tréimhse céanna. Ó 2023 ar aghaidh, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a ardú chun an costas táirgthe méadaitheach sin a chumhdach mar gheall ar an mbrú praghsanna ó allmhairí ón tSín agus, mar sin, chuaigh tionscal an Aontais ó staid bhrabúsach in 2021 agus 2022 go staid ina raibh laghdú suntasach tagtha ar bhrabús in 2023 agus go caillteanais le linn na tréimhse imscrúdúcháin (-2 %). Léirigh costais saothair meath freisin agus tháinig méadú 17 % orthu mar iarmhairt ar an athstruchtúrú a ndeachaigh roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais tríd. Lean glansreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht thionscal an Aontais treocht na brabúsachta trí bheith diúltach le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(303) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. **CÚISÍOCHT**

(304) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Is iad na tosca sin allmhairí ó thríú tíortha, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, an laghdú ar thomhaltas an Aontais agus an ghéarchéim fuinnimh, mar a mhaígh na páirtithe leasmhara.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(305) Tháinig meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais i gcomhthráth le dul i bhfód méadaitheach allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh na Síne ar an margadh, lenar gearradh faoi phraghsanna thionscal an Aontais go comhsheasmhach, ós rud é go raibh praghsanna na Síne fós níos ísle go comhsheasmhach ná meánphraghsanna díola aonaid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go raibh an corrlach sladghearrtha a aimsíodh chomh hard le 46,3 %. Mar thoradh ar insreabhadh allmhairí ar phraghas íseal ón tSín, cuireadh brú ar phraghsanna in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar a mhínítear in aithris (255), rud a chuir cosc freisin ar thionscal an Aontais an chuid sin den sraithadhmad beithe ón Rúis agus ón mBealarúis ar cuireadh toirmeasc air ar mhargadh an Aontais in 2022 a ionadú le linn na tréimhse céanna. Léirigh éabhlóid mhéideanna agus phraghsanna na n-allmhairí, mar a léirítear i dTáblaí 3 agus 4 thuas, gur sochtadh leibhéil praghsanna thionscal an Aontais, féach Tábla 8, rud a bhunaigh nasc cúisíoch idir allmhairí ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(306) Tháinig méadú 16 % ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó 683 984 m^3 in 2021 go 794 899 m^3 le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is é sin, sciar 31 % den mhargadh. Rinneadh na hallmhairí sin ar phraghsanna i bhfad níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chuir na hallmhairí sin ar phraghas íseal i méideanna méadaitheacha cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna a ardú i gcomhréir leis an méadú ar an gcostas táirgthe.

(307) I staid ina raibh méadú ag teacht ar chostais agus ar an mbrú praghsanna a chuir allmhairí dumpáilte na Síne i bhfeidhm, ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna inbhuanaithe a shocrú, rud a d'fhág go raibh titim láidir sa bhrabúsacht, ó chorrlach dearfach 7 % in 2021 agus 12 % in 2022, go corrlach i bhfad níos ísle de 4 % in 2023 agus caillteanas -2 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí méadú breise ar chostais roimh thionscal an Aontais in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ach tháinig laghdú breise ar phraghsanna allmhairí na Síne, laghdú beagnach 20 % in 2023 i gcomparáid le 2022,agus tháinig laghdú breise orthu fiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'iompaigh táscairí airgeadais eile, amhail sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht, diúltach le linn na tréimhse imscrúdúcháin freisin.

(308) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid shealadach go ndearna allmhairí dumpáilte sraithadhmaid crua-adhmaid ón tSín díobháil ábhartha do thionscal an Aontais i dtéarmaí praghais agus méide.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(309) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar chainníocht na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cónaidhm na Rúise	Cainníocht (m^3)	1 170 940	602 859	134	0
	Innéacs	*100*	*51*	*0*	*0*
	Sciar den margaidh (%)	31	18	0	0
	Meánphraghas (EUR/m^3)	524	703	793	0
	Innéacs	*100*	*134*	*151*	*0*

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
an Bhealarúis	Cainníocht (m^3)	194 609	117 361	40	0
	Innéacs	*100*	*60*	*0*	*0*
	Sciar den margaidh (%)	5	3	0	0
	Meánphraghas (EUR/m^3)	431	532	381	0
	Innéacs	*100*	*123*	*88*	*0*
an Chasacstáin	Cainníocht (m^3)	0	31 108	143 490	113 501
	Innéacs	*0*	*100*	*461*	*365*
	Sciar den margaidh (%)	0	1	6	4
	Meánphraghas (EUR/m^3)	0	685	606	562
	Innéacs	*0*	*100*	*88*	*82*
Tríú tíortha eile	Cainníocht (m^3)	332 132	465 376	476 034	501 747
	Innéacs	*100*	*140*	*143*	*151*
	Sciar den margaidh (%)	9	14	19	19
	Meánphraghas (EUR/m^3)	719	951	848	782
	Innéacs	*100*	*132*	*118*	*109*
Gach tríú tír seachas an tSín	Cainníocht (m^3)	1 697 681	1 216 704	619 698	615 248
	Innéacs	*100*	*72*	*37*	*36*
	Sciar den margaidh (%)	45	36	24	24
	Meánphraghas (EUR/m^3)	552	781	792	741
	Innéacs	*100*	*141*	*143*	*134*

Foinse: Eurostat.

(310) Agus sraithadhmad crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise eisiata ó mhargadh an Aontais in 2022, ní raibh ach thart ar 63 % den mhéid a allmhairíodh ón tSín i méid na n-allmhairí ó fhoinsí eile. I ndearbhthéarmaí, tháinig laghdú beag ar mhéideanna allmhairí ó 2023 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin ó na foinsí sin. Dá réir sin, bhí an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó thíortha seachas an tSín, an Rúis agus an Bhealarúis le linn na tréimhse imscrúdúcháin fós go mór faoi bhun an sciar 31 % den mhargadh a bhí ag táirgeoirí na Síne.

(311) Díoladh allmhairí ó thíortha seachas an tSín, an Rúis agus an Bhealarúis ar phraghsanna atá beagnach dhá oiread phraghas na n-allmhairí ón tSín. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba é 56 % de mheánphraghas na n-allmhairí ó thíortha seachas an tSín, an Rúis agus an Bhealarúis meánphraghas na n-allmhairí ón tSín.

(312) Bunaithe ar an méid teoranta, sciar seasta den mhargadh agus praghas ard na n-allmhairí ó fhoinsí eile seachas an tSín, an Rúis agus an Bhealarúis, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nár mhaolaigh tionchar allmhairí tríú tíortha an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(313) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (m^3)	408 876	258 316	293 481	295 536
Innéacs	*100*	*63*	*72*	*72*
Meánphraghas (EUR/m^3)	733	1 103	1 135	1 085
Innéacs	*100*	*150*	*155*	*148*

Foinse: Eurostat agus táirgeoirí sampláilte an Aontais.

(314) Tháinig laghdú - 37 % ar mhéideanna onnmhairí i dtionscal an Aontais in 2022 i gcomparáid le 2021, laghdú ar dócha go raibh baint aige le sraithadhmad na Rúise agus na Bealarúise a bheith ar fáil ar an margadh idirnáisiúnta gan choinne tar éis smachtbhannaí eacnamaíocha an Aontais a fhorchur, rud a d'fhág go raibh toirmeasc ar na táirgí sin a dhíol ar mhargadh an Aontais. Lean atreorú na méideanna sin de bheith ag laghdú díolacháin onnmhairí thionscal an Aontais in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú ar dhíolacháin onnmhairí ó 28 % den mhéid iomlán díolachán a dhíol tionscal an Aontais go 23 %, nó faoi 113 340 m^3 i ndearbhuimhreacha.

(315) Mar a léirítear in aithrisí (259), (286) agus (309), in 2022, tháinig méadú thart ar 35-50 % ar mhargadhphraghsanna dhomhanda. Go ginearálta, lean praghsanna onnmhairiúcháin an Aontais an treocht chéanna agus a lean praghsanna a ghearrtar san Aontas. Bhí tionscal an Aontais in ann praghsanna onnmhairiúcháin a ardú go 150 % de leibhéal 2021 in 2022, ach thit praghsanna go 148 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(316) Maolaíodh tionchar na héabhlóide diúltaí ar mhéideanna onnmhairí mar gheall ar a ndearbhchainníocht íseal (295 536 m^3 le linn na tréimhse imscrúdúcháin) agus a sciar de dhíolacháin iomlána thionscal an Aontais (18,6 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin), mar aon leis an méadú ar mheánphraghsanna onnmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nár mhaolaigh an fheidhmíocht onnmhairiúcháin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.3. ***Tomhaltas***

(317) Chinn an Coimisiún go raibh tionchar mór ag eisiamh allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh na Rúise agus na Bealarúise ó mhargadh an Aontais in 2022 ar thomhaltas an Aontais. In 2021, an bhliain sular forchuireadh smachtbhannaí eacnamaíocha maidir le táirgí adhmaid áirithe ón Rúis agus ón mBealarúis, d'onnmhairigh na tíortha sin 1 365 549 m^3 de shraithadhmad crua-adhmaid chuig margadh an Aontais, is é sin, sciar comhcheangailte 36 % den mhargadh ar mhargadh an Aontais. Faoi 2023, an chéad bhliain iomlán inar cuireadh smachtbhannaí i bhfeidhm, laghdaíodh méid a n-allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid comhcheangailte isteach san Aontas go 174 m^3 (nó sciar 0 % den mhargadh).

(318) Bhí gluaiseachtaí sa mhargadh a chúitigh eisiamh sraithadhmaid crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise. Go háirithe, imchéimniú na mbeart frithdhumpála agus smachtbhannaí tríd an gCasacstáin de 143 490 m^3 agus 113 501 m^3 de shraithadhmad crua-adhmaid in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, faoi seach; an méadú 169 615 m^3 ar allmhairí ó thríú tíortha eile agus ar deireadh an méadú 110 916 m^3 ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, chrap tomhaltas an Aontais faoi 30 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(319) Scrúdaigh an Coimisiún na cúiseanna nár tháinig tionscal an Aontais in ionad thromlach sraithadhmaid na Rúise agus na Bealarúise a eisiadh láithreach nó sa ghearrthéarma, agus é ag maíomh go raibh acmhainneacht bhreise 873 037 m^3 ann le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ná nár tháinig allmhairí ó thíortha eile ina n-ionad.

(320) A mhéid a bhaineann le tionscal an Aontais, maidir le heaspa infhaighteachta láithreach an phríomh-amhábhair, lomáin, ar gné ghinearálta é den tionscal sin atá ag brath ar ábhar ionchuir nach dtrádáiltear go forleathan, d'fhorchuir sí teorainn ar mhéadú tobann ar tháirgeadh. Ina theannta sin, tháirg tionscal an Aontais de réir ordú seachas de réir stoic. Dá bhrí sin, ní raibh cainníochtaí móra sraithadhmaid crua-adhmaid aige a d'fhéadfaí a shlógadh láithreach nuair a díbríodh sraithadhmad crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise amach as margadh an Aontais leis na smachtbhannaí eacnamaíocha. Sa mheántéarma, tá sé d'acmhainneacht ag tionscal an Aontais i dtéarmaí táirgthe agus amhábhar araon teacht in ionad thromlach na méideanna a eisiatar ón margadh ar choinníoll go n-athbhunaítear an cothrom iomaíochta.

(321) Bhí freagairt tháirgeoirí na Síne agus táirgeoirí tríú tíortha eile ar fhorchur smachtbhannaí eacnamaíocha san Aontas níos tapúla. Tháinig méadú láithreach 32 % agus 49 % ar allmhairí ón tSín agus ón gcuid eile den domhan, cé is moite den Rúis agus den Bhealarúis, in 2022, faoi seach. Mar sin féin, ní raibh an méadú comhcheangailte ar allmhairí ón tSín agus ón gcuid eile den domhan ach 353 491 m^3 in 2023. Níorbh fhéidir leis an méadú ar allmhairí eisiamh 1 427 973 m^3 de shraithadhmad crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise a chúiteamh.

(322) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nár mhaolaigh an laghdú ar thomhaltas an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.3.1. *Laghdú líomhnaithe ar éileamh ar mhargadh an Aontais*

(323) Mhaígh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid nach é an chúis atá leis an laghdú ar thomhaltas an Aontais tar éis 2022 smachtbhannaí eacnamaíocha a fhorchur ar shraithadhmad crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise, ach gur chlis ar an éileamh mar gheall ar mhoilliú ar thionscal tógála an Aontais. D'áitigh siad gur léirigh neamhábaltacht thionscal sraithadhmaid crua-adhmaid an Aontais an bhearna a d'fhág sraithadhmad eisiata na Rúise agus na Bealarúise a líonadh go raibh laghdú ar an éileamh i margadh an Aontais seachas crapadh soláthair. Líomhnaítear gurbh é an laghdú sin ar an éileamh an phríomhchúis leis an díobháil do thionscal an Aontais.

(324) Mheas an Coimisiún gur bhain buaicphointe iar-Covid d'earnáil tógála an Aontais sna blianta 2021 agus 2022, agus moilliú ina dhiaidh sin. Mar sin féin, tháinig laghdú i bhfad níos lú ar tháirgeacht agus ar dhíolacháin thionscal an Aontais (-12 % agus -11 %, faoi seach in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin) ná an laghdú ar thomhaltas (-30 %), rud a léiríonn, fiú i margadh atá ag laghdú, gur éirigh le tionscal an Aontais leanúint de chainníochtaí suntasacha a tháirgeadh agus a dhíol, fiú má bhí an brú ó mhonaróirí na Síne, a mhéadaigh a méideanna allmhairí go leanúnach ar phraghsanna i bhfad níos ísle, le brath níos mó agus níos mó agus go raibh sé ina chúis le díobháil ábhartha.

(325) Ina theannta sin, léiríodh le himchéimniú na mbeart frithdhumpála agus na srianta mar gheall ar smachtbhannaí eacnamaíocha ar shraithadhmad crua-adhmaid de thionscnaimh na Rúise agus na Bealarúise tríd an gCasacstáin agus an Tuirc ([126]) go raibh an t-éileamh ar mhargadh an Aontais fós ard. Go deimhin, is fearr tuairisc a thabhairt ar staid mhargadh an Aontais mar chrapadh soláthair seachas mar chrapadh éilimh.

(326) Chinn an Coimisiún gurbh é an toradh a bhí ar easpa infhaighteacht láithreach ar mhéideanna méadaithe na lomán beithe agus poibleoige, féach aithris (320), arb iad an príomh-amhábhar de shraithadhmad crua-adhmaid iad san Aontas, easpa infhaighteacht láithreach an tsraithadhmaid crua-adhmaid féin, rud a chruthaigh crapadh soláthair agus, dá bhrí sin, laghdú ar thomhaltas foriomlán an Aontais. Mheas an Coimisiún go raibh na saincheisteanna a bhaineann le neamh-infhaighteacht lomán go hiomlán fiseolaíoch agus ar cheann de ghnéithe ginearálta thionscal an tsraithadhmaid. Go sonrach, cuirtear crainn atá den aois cheart le haghaidh táirgeadh sraithadhmaid crua-adhmaid 10-40 bliain sular féidir iad a leagan. Bíonn plandálacha i seilbh monaróirí sraithadhmaid crua-adhmaid nó ceannaíonn siad ó sholáthróirí fadtéarmacha a bhfuil conarthaí ilbhliantúla acu, cé go bhfuil ceantanna comónta i roinnt margaí san Aontas freisin. Leis an scrogall sin sa soláthar amhábhar, ní rabhthas in ann aistriú láithreach chuig méideanna táirgeachta sraithadhmaid crua-adhmaid i bhfad níos airde. Is féidir, áfach, aistriú de réir a chéile sa mheántéarma ó lomáin atá beartaithe do tháirgeadh páipéir agus adhmaid go sraithadhmad má tá tionscal sraithadhmaid crua-adhmaid an Aontais in ann praghsanna cothroma margaidh a ghearradh. Ina theannta sin, is féidir plandálacha cúltaca, mar a thugtar orthu, atá aibí ach nár lománaíodh ar chúiseanna comhshaoil, e.g. coinneáil ithreach, a leagan freisin.

(327) Fuarthas gurbh iad soláthróirí sraithadhmaid crua-adhmaid na Síne amháin a d'fhéadfadh a méideanna díolacháin a mhéadú go mór in 2022 agus 2023 toisc go raibh stoic mhóra acu mar gheall ar mhoilliú ar earnáil tógála na Síne a thosaigh in 2021. Sa mheántéarma, chuir na hallmhairí sin cosc ar tháirgeoirí an Aontais a méideanna táirgeachta a mhéadú.

(328) I bhfianaise an mhéid thuas, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus mheas sé nach raibh tionscal an Aontais in ann sraithadhmad crua-adhmaid toirmiscthe ón Rúis agus ón mBealarúis a ionadú mar gheall ar mhéadú ar allmhairí dumpáilte ón tSín agus easpa lomán a bhí inúsáidte láithreach. Ba dheis chaillte do thionscal an Aontais é an laghdú ar thomhaltas ó 2022 ar aghaidh, le buaicphointe in 2023 agus téarnamh beag le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina thoisc a chuir leis an díobháil a rinneadh, gan, áfach, an nasc cúisíoch le hallmhairí dumpáilte ón tSín a mhaolú. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, arb é is príomhthréith di crapadh ar mhargadh an Aontais, tháinig méadú mór ar mhéid na n-allmhairí sin agus tháinig laghdú ar phraghsanna d'ainneoin méadú ginearálta ar chostais thionscal an Aontais (féach aithris (287)).

5.3.2. *Géarchéim fuinnimh*

(329) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid go raibh an ghéarchéim fuinnimh san Aontas mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin ina toisc chinntitheach sa mhéadú ar chostais táirgthe thionscal an Aontais.

(330) Chinn an Coimisiún nach raibh ach tionchar teoranta ag an ngéarchéim fuinnimh ar an tionscal sraithadhmaid crua-adhmaid. Ghin táirgeoirí sampláilte an Aontais a bhfuinneamh féin a bhreoslaítear le bithmhais (sliseanna, coirt, min sáibh, veinírí lochtacha). Cé nach raibh sé slán ón ardú ar phraghsanna fuinnimh, a bhí nasctha freisin leis an ardú ar phraghsanna iompair, bhí tionscal an Aontais sách cosanta ar an ngéarchéim fuinnimh.

(331) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus tháinig sé ar an gconclúid shealadach nár mhaolaigh praghsanna arda fuinnimh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha.

([126]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1287 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2024 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1930 ar allmhairí sraithadhmaid beithe de thionscnamh na Rúise chun allmhairí sraithadhmaid beithe arna gcur chun bealaigh ón Tuirc agus ón gCasacstáin a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Tuirce agus na Casacstáine iad nó ná bíodh, (IO L, 2024/1287, 14.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1287/oj).

5.4. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(332) Shuigh an Coimisiún go sealadach nasc cúisíoch idir an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín. Mar thoradh ar an méadú ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte ón tSín ar phraghsanna a bhí ag laghdú, bhí méadú 57 % ar a chostais táirgthe roimh thionscal an Aontais, mar a léirítear in aithris (287), rud a chuir cosc air praghsanna inbhuanaithe a shocrú agus d'fhág go raibh meath mór ar a staid eacnamaíoch. Bhí éifeachtaí diúltacha ar phraghsanna do thionscal an Aontais mar thoradh ar allmhairí ón tSín. Chinn an Coimisiún go raibh sladghearradh suntasach ann de bharr allmhairí ón tSín. Ina theannta sin, chinn an Coimisiún go raibh brú suntasach ar phraghsanna in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thit brabúsacht thionscal an Aontais ó 7 % go caillteanas -2 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, d'éirigh sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht diúltach le linn na tréimhse imscrúdúcháin freisin.

(333) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca aitheanta eile ar thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Maidir le hallmhairí ó thríú tíortha seachas an tSín, mheas an Coimisiún go sealadach, mar gheall ar a méideanna teoranta agus a bpraghas réasúnta ard, nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir allmhairí ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach freisin nár chuir an meath ar dhíolacháin onnmhairí agus ar thomhaltas ar mhargadh an Aontais go mór agus go díreach leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, mhínigh an Coimisiún go críochnúil i Roinn 5.3.1 thuas nár mhaolaigh sé, áfach, an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na Síne agus an díobháil ábhartha mar gheall ar neamh-infhaighteacht shealadach logaí, cé go bhféadfadh sé a bheith ina thoisc a chuireann leis an díobháil a rinneadh. ,

(334) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte ón tSín ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nár laghdaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, arna meas ar bhonn aonair agus go comhpháirteach. Is éard atá i gceist leis an díobháil táirgeadh, díolacháin, táirgiúlacht, praghsanna, úsáid acmhainneachta, brabúsacht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht a laghdú, mar aon le costais saothair agus stoic atá ag ardú.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(335) Sa chás seo, mhaígh na gearánaigh go raibh saobhadh amhábhar ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomchuí na mbeart, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go gcuirfí deireadh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin cé acu a bheadh nó nach mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte níos airde ná a gcorrlach díobhála, féach aithrisí (345) go (347) thíos.

6.1. **Corrlach díobhála**

(336) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(337) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht ('IRI'), agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(338) I ndáil leis sin, mheas an gearánach gur cheart spriocbhrabús réasúnta a bheith idir 10 % agus 15 %.

(339) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta. Maidir leis an leibhéal brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, níorbh fhéidir corrlach brabúis a shuí ar bhonn aon cheann de na blianta díreach roimh an méadú ar allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, toisc gur bhain insreabhadh allmhairí dumpáilte de thionscnaimh eile do thionscal an Aontais sna blianta sin. Chomh maith leis sin, fuarthas amach go raibh tionchar mór ag téarnamh eacnamaíoch iar-COVID-19 ar na blianta 2021 agus 2022 agus ba chosúil nach raibh siad iomchuí chun an spriocbhrabús a shocrú. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh aon cheann de na blianta sin cáiliú mar bhliain ina mbeadh gnáthstaid iomaíoch ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh sé níos iomchuí an leibhéal brabúsachta 13.43 % a sroicheadh in 2017 a úsáid.

(340) Sholáthair tionscal an Aontais fianaise go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, T&F agus IRI le linn na tréimhse faoi bhreathnú níos airde faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. D'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis sin le linn na gcuairteanna fíorúcháin ar an láthair trí thaifid inmheánacha na cuideachta a bhaineann le pleananna infheistíochta, cinntí bainistíochta agus ráitis airgeadais a sheiceáil agus chinn sé go raibh údar leis na maímh. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfheistíochtaí, T&F agus IRI faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais iarbhír chomhfhreagracha le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. Bhí an difríocht, arna sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachas, idir 0,07 % agus 1,18 % de réir na dtáirgeoirí sampláilte.

(341) Cuireadh an céatadán sin leis an mbunbhrabús 13.4 %, a luaitear in aithris (338), as ar eascair spriocbhrabús 13.5 % agus 14.6 %, de réir staid na dtáirgeoirí sampláilte.

(342) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia den bhun-Rialachán, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Ar bhonn na faisnéise a cuireadh isteach, a raibh uirlisí tuairisciúcháin agus réamhaisnéisí na gcuideachtaí mar thaca léi, shuigh an Coimisiún costas breise idir EUR 1,06/m³ agus EUR 5,55/m³, i gcomparáid leis an gcostais a bhain leis na coinbhinsiúin sin a chomhlíonadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cuireadh an costas breise sin leis an bpraghas neamhdhíobhála.

(343) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach in aghaidh m³ le haghaidh an táirge chomhchosúil de chuid thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis thuasluaite (féach aithris (340)) a chur le costas táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.

(344) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch sa tír lena mbaineann, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(345) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann' ar an mbealach céanna leis an gcorrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin.

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
Daon-Phoblacht na Síne	Pizhou Jiangshan Wood Co., Ltd	25,1	144,3
Daon-Phoblacht na Síne	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	62,4	192,7

6.2. Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais

(346) Mar a mhínítear san fhógra tionscnaimh chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún go raibh saobhadh amhábhar sa tír lena mbaineann maidir leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, san imscrúdú seo scrúdaíodh an saobhadh líomhainte chun a mheas, más ábhartha, ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil.

(347) Mar sin féin, ós rud é go raibh na corrlaigh a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil níos airde ná na corrlaigh dhumpála, mheas an Coimisiún, ag an bpointe sin, nach raibh sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar an ngné sin.

(348) Tar éis an mheasúnaithe thuas, chinn an Coimisiún gurb iomchuí méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

6.3. Conclúid maidir le leibhéal na mbeart

(349) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
Daon-Phoblacht na Síne	Pizhou Jiangshan Wood Co., Ltd	25,1
Daon-Phoblacht na Síne	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	62,4

7. LEAS AN AONTAIS

(350) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí, na mórdhíoltóirí, na miondíoltóirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. Leas thionscal an Aontais

(351) Tá thart ar 26 chuideachta i dtionscal an Aontais. Tá siad lonnaithe san Ostair, sa Bhulgáir, sa tSeicia, san Eastóin, san Fhionlainn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Ghréig, san Ungáir, san Iodáil, sa Laitvia, sa Pholainn, sa Phortaingéil, sa Rómáin, sa tSlóvaic, sa tSlóivéin, sa Spáinn agus sa tSualainn, agus fostaíonn siad thart ar 40 000 oibrí go díreach agus go hindíreach. Soláthraíonn an tionscal sraithadhmaid crua-adhmaid poist i gceantair thuaithe den chuid is mó. Thacaigh tromlach tháirgeoirí an Aontais, 17 gcuideachta san iomlán, leis an ngearán agus níor chuir aon cheann acu i gcoinne thionscnamh an imscrúdaithe.

(352) Tá leibhéal brabúsachta thionscal an Aontais atá ann faoi láthair neamh-inbhuanaithe. Le forchur na mbeart, tá coinne leis go mbeidh tionscal an Aontais in ann praghsanna díola a ardú agus a bhrabúsacht a fháil ar ais.

(353) Is dócha go mbeidh tionchar diúltach mór ag an easpa beart ar thionscal an Aontais i dtéarmaí brú breise ar phraghsanna agus laghdú breise ar dhíolacháin, rud a fhágfaidh go mbeidh níos mó caillteanas ann, go ndúnfar saoráidí táirgthe agus go ndífhostófar daoine.

(354) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil forchur beart sealadach chun leas thionscal an Aontais.

7.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(355) Chláraigh 52 allmhaireoir mar pháirtithe leasmhara agus fuarthas roinnt aighneachtaí agus barúlacha ó chuid acu. Bhunaigh 19 n-allmhaireoir an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid, comhghuaillíocht ad hoc d'allmhaireoirí de chuid an Aontais. Mar a luaitear in aithris (29), roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí allmhaireoir. Chuir dhá cheann de na hallmhaireoirí sampláilte freagra iomlán ar an gceistneoir isteach agus chuir allmhaireoir amháin freagra páirteach ar an gceistneoir isteach.

(356) D'áitigh roinnt allmhaireoirí go bhfuil easpa acmhainneachta ag tionscal an Aontais chun freastal ar an éileamh san Aontas, agus líomhain siad go gcruthódh na bearta ganntanas sa mhargadh. Mhaígh allmhaireoirí freisin nach féidir na praghsanna níos airde a eascraíonn as forchur féideartha dleachtanna frithdhumpála arda a chur ar aghaidh chuig custaiméirí agus go ndíbreofar amach as an margadh leo. Ina theannta sin, ardaíodh maímh maidir le heaspa spéise tháirgeoirí an Aontais maidir le cineálacha áirithe sraithadhmaid crua-adhmaid a sholáthar.

(357) Maidir leis an riosca go mbeadh ganntanas sraithadhmaid crua-adhmaid ar mhargadh an Aontais mar iarmhairt ar na bearta, mheas an Coimisiún go bhfuil an riosca sin teoranta. Ar an gcéad dul síos, tá sé d'acmhainn ag tionscal an Aontais an táirgeacht a mhéadú. Ar an dara dul síos, tá go leor foinsí soláthair eile seachas an tSín. Ar deireadh, is féidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne leanúint de bheith ag onnmhairiú chuig an Aontas ar phraghsanna córa.

(358) Tá sraithadhmad crua-adhmaid a allmhairítear ón tSín ina chomhpháirt thábhachtach bhrabúsach de thairiscint táirge na n-allmhaireoirí, mar aon le sraithadhmad crua-adhmaid a allmhairítear ó thíortha seachas an tSín. D'fhéadfadh forchur na mbeart an meascán táirgí a thairgeann allmhaireoirí agus trádálaithe a athrú tríd an sciar de shraithadhmad crua-adhmaid nach de thionscnamh na Síne é a mhéadú, ach ní dócha go gcuirfidh forchur na mbeart stad iomlán le hallmhairí ón tSín.

(359) Fuarthas leis an imscrúdú go bhfuil tionscal an Aontais toilteanach agus in ann gach deighleog de mhargadh an Aontais a sholáthar, ach nach bhfuil sé in ann é sin a dhéanamh faoi láthair toisc go bhfuil sé praghsáilte amach as deighleoga áirithe den mhargadh de thoradh allmhairí dumpáilte ón tSín. Déantar cineálacha áirithe painéal sraithadhmaid crua-adhmaid a allmhairiú ar phraghsanna atá chomh héagórach íseal sin go bhfuil siad faoi bhun chostas táirgthe mhonaróirí an Aontais.

(360) De chonclúid air sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí difear diúltach d'allmhaireoirí neamhchomhlachaithe áirithe leis na bearta frithdhumpála ar an leibhéal a shuitear thuas. Níor cheart tionchar den sórt sin a bheith mór ar an iomlán mar gheall ar fhoinsí malartacha sraithadhmaid crua-adhmaid ar an tSín a bheith ar fáil, agus toisc go mbeadh na hallmhaireoirí in ann cuid den mhéadú ar chostais ar a laghad a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí. Bunaithe ar a bhfreagraí ar an gceistneoir, bhain na hallmhaireoirí sampláilte leibhéil shláintiúla bhrabúsachta amach le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(361) Ar bhonn a bhfuil thuas, shuigh an Coimisiún go sealadach go meastar go mbeidh aon tionchar diúltach a bheidh ag na bearta ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe ina n-iomláine teoranta agus nach mó é ná éifeacht dhearfach na mbeart ar tháirgeoirí an Aontais.

7.3. **Leas úsáideoirí agus soláthróirí**

(362) Chláraigh úsáideoir amháin agus comhlachas úsáideoirí, mar aon le dhá sholáthróir, mórdhíoltóirí/miondíoltóirí, mar pháirtithe leasmhara. Chuir úsáideoir amháin, Bouwmaat, freagra páirteach ar an gceistneoir isteach. Níor ardaigh úsáideoirí aon mhaíomh sonrach ach sholáthair an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid, comhlachas na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe, barúlacha maidir leis an gcuid sin den ghearán a bhaineann le leas an Aontais agus d'áitigh sí in aghaidh dleachtanna arda a fhorchur ó thaobh na n-úsáideoirí deiridh de freisin.

(363) Is dócha go mbeidh tionchar ag forchur na mbeart ar úsáideoirí; mar sin féin, bhí easpa sonraí ó úsáideoirí ag an gCoimisiún ag an gcéim seo, toisc nár chuir an t-aon fhreagra páirteach ar an gceistneoir a fuarthas é ar a chumas don Choimisiún anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar thionchar na mbeart.

(364) Rinne an Coimisiún measúnú ar an tionchar dóchúil a bheadh ag na bearta ar úsáideoirí agus chinn sé go sealadach, i gcás fhormhór na n-úsáideoirí tionsclaíocha, nach bhfuil costas na bpainéal sraithadhmaid crua-adhmaid a úsáidtear ina bpríomhghníomhaíocht, e.g. foirmeánacht le haghaidh tógála, an-mhór i ndáil lena chostais iomlána. Is amhlaidh atá i gcás na hearnála iompair, e.g. is diomaibhseach an costas a bhaineann le sraithadhmad crua-adhmaid tanaí a úsáidtear chun an taobh istigh d'fheithicil áineasa nó de long a fheistiú i gcomparáid lena praghas iomlán. Dá réir sin, beidh teorainn leis an tionchar ar fhormhór na n-úsáideoirí tionsclaíocha, is é sin, níos mó ná 60 % de na custaiméirí deiridh, agus ar a soláthróirí. Beidh tionchar níos mó ag an méadú ionchasach ar phraghsanna ar úsáideoirí neamhthionsclaíocha agus ar a soláthróirí. Beidh tionchar éigin ar úsáideoirí sa tionscal troscáin, caibidnéadachta agus uirlisí ceoil freisin, cé go n-úsáidtear sraithadhmad crua-adhmaid go ginearálta le haghaidh táirgí ardleibhéil a dhíoltar ar phraghas ard, rud a laghdaíonn an tábhacht a bhaineann le costas amhábhar. Chinn an Coimisiún nach mó aon tionchar diúltach a bheidh ag na bearta ar úsáideoirí ná éifeacht dhearfach na mbeart ar tháirgeoirí an Aontais.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(365) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ann lena rialú gur léir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh na Síne ag an gcéim seo den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(366) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(367) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí táirge de thionscnamh na tíre lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Ba é conclúid an Choimisiúin in aithris (348) gur cheart gurbh é an corrlach dumpála an leibhéal iomchuí chun deireadh a chur leis an díobháil.

(368) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
Daon-Phoblacht na Síne	Pizhou Jiangshan Wood Co., Ltd.	25,1
Daon-Phoblacht na Síne	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	62,4

(369) An dleachtráta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh é ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú é ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis an gcuideachta sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag an eintiteas dlítheanach ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe don cheann a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(370) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'.

(371) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(372) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. **CLÁRÚ**

(373) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(374) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí.

(375) Ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(376) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin AS UM AN TRÁDÁIL AGUS SLÁNDÁIL EACNAMAÍOCH. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(377) Fuair an Coimisiún barúlacha ó Chomhlachas Tionscail Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne agus ó roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne. D'iarr na páirtithe ar an gCoimisiún, i measc nithe eile, na ríomhanna agus an mhodheolaíocht a nochtadh chun an corrlach dumpála a shuí le haghaidh 'gach allmhaire eile'.

(378) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis sin. Ba é cuspóir na faisnéise a soláthraíodh ag an gcéim shealadach ligean do pháirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar chruinneas na ríomhanna, agus ní ar an modheolaíocht. Mínítear an mhodheolaíocht chun an ráta dleachta a bhunú le haghaidh 'gach allmhaire eile' i roinn 3.5 den Rialachán, agus iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt, mar a leagtar amach in Airteagal 2(1) thíos. Ní fhéadfaí na ríomhanna iarbhír a bhí bunaithe ar ghnáthluach Jiangshan Wood a nochtadh, áfach, gan sonraí rúnda na cuideachta a nochtadh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(379) Ní bhfuarthas aon bharúil eile ina dhiaidh sin.

11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(380) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(381) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

(382) Dhírigh an gearánach aird ar chleachtais imchéimnithe líomhnaithe cheana féin ag céim chlárúcháin allmhairí an táirge lena mbaineann ([127]). Is éard a bhí i gceist leis an gcleachtas líomhnaithe sin sraitheanna seachtracha an-tanaí de veinír bhogadhmaid a chur ar bharr veinír thosaigh sraithadhmaid chrua-adhmaid. Fágann cleachtas den sórt sin go dtagann an táirge faoi chóid chustaim nach bhfuil faoi réir clárúcháin, gan a shaintréithe fíor-riachtanacha a athrú. Dá bhrí sin, chun an riosca imchéimniúcháin a íoslaghdú, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí faireachán a dhéanamh ar allmhairí den sórt sin. Dá bhrí sin, ba cheart cóid TARIC ar leithligh a chruthú le haghaidh allmhairí táirgí den sórt sin laistigh de chóid AC 4412 10 00 agus 4412 39 00. D'fhéadfaí faisnéis a bhailítear agus faireachán á dhéanamh ar allmhairí den sórt sin a úsáid freisin chun imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh faoi Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sraithadhmaid arb é atá iontu leatháin adhmaid seachas bambú agus okoumé, nach mó ná 6 mm ar tiús gach sraith díobh, ag a bhfuil sraith sheachtrach amháin ar a laghad d'adhmad trópaiceach nó d'adhmad neamhbhuaircíneach, de speicis a shonraítear faoi fho-cheannteidil 4412 31, 4412 33 agus 4412 34, bídís brataithe nó éadanchumhdaithe nó ná bídís, atá faoi láthair faoi chóid AC agus TARIC 4412 31 10 80, 4412 31 90 00, 4412 33 10 12, 4412 33 10 22, 4412 33 10 82, 4412 33 20 10, 4412 33 30 10, 4412 33 90 10, agus 4412 34 00 10, agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Pizhou Jiangshan Wood Co., Ltd	25,1	89MK
Daon-Phoblacht na Síne	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	62,4	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm an dleachtráta aonair a sonraíodh le haghaidh na cuideachta a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) sraithadhmaid crua-adhmaid a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Go dtí go dtíolacfar an sonrasc sin, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar allmhairí sraithadhmaid a bhfuil an dá shraith sheachtracha déanta as adhmad buaircíneach nó bambú agus a bhfuil sraitheanna speiceas iontu a shonraítear faoi fho-cheannteidil 4412 31, 4412 33 agus 4412 34, bídís brataithe nó cumhdaithe ar an dromchla nó ná bídís, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 4412 10 00 agus ex 4412 39 00 (cóid TARIC 4412 10 00 10 agus 4412 39 00 20).

([127]) Féach fonóta 3.

6. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3140.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN